

Tuarascáil Bhliantúil

2008



1.	Réamhrá	3
2.	Brollach	4
3.	DAONLATHAS ÁITIÚIL	
4.	POBAL, FIONTAR, ÁINEAS, CULTÚR AGUS OIDHREACHT	10
5.	SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA.....	24
6.	FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHT.....	29
7.	SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL.....	34
8.	TITHÍOCHT.....	43
9.	ACMHAINNÍ DAONNA	46
10.	TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS	49
11.	INFRASTRUCHTÚR	51
12.	PLEANÁIL	54
13.	COMHAIRLÍ BAILE.....	59
13.1.	<i>Ceanannas</i>	59
13.2.	<i>An Uaimh</i>	61
13.3.	<i>Baile Átha Troim</i>	62
14.	Aguisín 1: SPC MEMBERS.....	63
15.	Aguisín 2: SPC ACTIVITIES	65
16.	Aguisín 3: COMMITTEES OF THE COUNCIL.....	67
17.	Aguisín 4: CONFERENCES AT HOME.....	72
18.	Aguisín 5: CONFERENCES Abroad	75
19.	Aguisín 5: MEETINGS OF THE COUNCIL - 2008.....	76
20.	Aguisín 6: ANNUAL FINANCIAL STATEMENT	77

1. Réamhrá

Ghlac Comhairle Contae na Mí Plean Comparáideach nua I 2005

De réir na dtreoirlínte i dtaobh Pleananna Corparáideacha a ullmhú a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacha agus Rialtais Áitiúil, tá dualgas ar Chomhairle Contae na Mí plean oibríochta a ullmhú do gach bliain de chreat ama an Phlean Chorparáidí.

Thug Plean Oibríochta Chomhairle na Mí cur síos níos sonraithe ar na gníomhaíochtaí a mbeadh na réimsí seirbhíse éagsúla ag tabhairt faoina seachadadh de réir spriocanna an Phlean Chorparáidí.

Tá Tuarascáil Bhliantúil seo na bliana 2008 bunaithe ar Phlean Oibríochta na bliana 2008 agus tugtar tuairisc inti faoi ghníomhartha sonracha a chuireann leis na gnáth-dhualgais a bhaineann le riaradh na réimsí seirbhíse faoi seach laistigh de Chomhairle Contae na Mí.

2. Brollach

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae na Mí don bhliain 2008 a chur in bhur láthair.

Cothaíonn foilsiú na tuarascála seo deis chun eolas a léiriú agus a sholáthar ar an méid atá bainte amach agus ar an dul chun cinn atá déanta ag Údarás Áitiúla na Mí maidir leis an raon leathan seirbhísí éagsúla a chuireann siad ar fáil . Tá an dul chin cinn a rinneadh ó thaobh na dtionscadal infrastruchtúir éagsúla a chur chun cinn lena n-áirítear bóithre, uisce, séarachas, tithíocht, comhshaol mionsonraithe laistigh d'ailt éagsúla den tuarascáil seo.

I rith 2008, áiríodh ar na dúshláin a bhí os comhair Chomhairle Chontae na Mí freastal ar riachtanais daonra atá ag dul i méid agus atá éagsúil agus ag an am céanna ag freagairt do thimpeallacht eacnamaíochta atá ag athrú.

Rinneadh infheistíocht de os cionn €242m ar thionscadail chaipitil, ar críochnaíodh go leor acu i rith na bliana agus caitheadh os cionn €113m ar oibríochtaí ó lá go lá. Éascaíonn an infheistíocht leanúnach seo inár n-infrastruchtúr fisiciúil agus sóisialta seachadadh raon leathan seirbhísí riachtanacha agus, mar atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach, stiúránn sé fás eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus comhshaoil Chontae na Mí.

Glacadh leis an bPlean Forbartha Contae i Márta 2007 agus, agus de réir an phlean sin, ullmhaíodh agus glacadh le líon mór Pleananna Limistéir Áitiúil in 2008, ag cur deis éifeachtach ar fáil d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae agus a chuid bailte agus sráidbhailte.

Leanann Comhairle Chontae na Mí de bheith ag díriú ar fhorbairt eacnamaíochta agus ar Cho. na Mí a chur chun cinn mar phríomhshuíomh d'infheistíocht isteach. I rith 2008, seoladh Feachtas Margaíochta Fhorbairt Eacnamaíochta do Chontae na Mí – “ *whatever your business... Make it Meath*”, . Is tosaíocht é infheistíocht a mhealladh isteach chuig Co. na Mí agus tá sé de chuspóir againn Co. na Mí a chur chin cinn ní amháin mar Chraobh Oidhreachta na hÉireann ach mar láthair comhdhála den scoth, mar cheann scribe turasoíreachta den scoth agus mar roghashuíomh gnó d'infheisteoirí.

Leanamar ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail chun rannpháirtíocht a spreagadh i bhforbairt clár cultúir agus comhshaoil agus chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn.

Ní fhéadfaí na gníomhartha ar fad a rinneadh a bhfuil cur síos déanta orthu sa Tuarascáil Bhliantúil a bheith bainte amach gan an comhoibriú a rinne na Comhairleoirí, Cathaoirligh agus Baill na gCoistí Beartais Straitéisigh, na Coistí Ceantair agus an Fhoireann Bainistíochta agus Foireann, mar aon leis an tacaíocht a fuarthas ón líon mór eagraíochtaí deonacha agus pobail. Tá sé ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá agus a bheidh roimh ár gContae i gcónaí agus déanfar é sin le gealltanais leanúnach uainn ar fad, agus táimid ag súil le tabhairt faoi na dúshláin sin i dteannta a chéile i rith na bliana atá romhainn.

Liz McCormack




Cathaoirleach


Tom Dowling

County Manager

3. DAONLATHAS ÁITIÚIL

	Electoral Area	Name	Address	Politicical	Phone No.	Email
	Dunshaughlin	Cllr. Charles Bobbett	Kilbegnet, Fleenstown Lane, The Ward, Co.Dublin.	Fine Gael	01 8353154 087 1268135	Cbobbett@members.meathcoco.ie
		Cllr. Joseph Bonner	Donaghmore, Asbourne.	Non-Party	0879749563	Jbonner@members.meathcoco.ie
		Cllr. Oliver Brooks	Killeen Road, Dunshaughlin.	Fianna Fáil	046 9025276 087 2573765	Obrooks@members.meathcoco.ie
		Cllr. Brian Fitzgerald	Warrenstown, Kilcock.	Non-Party	01 8251847 087 2508247	Briannfitzgerald@yahoo.com
		Cllr. Nick Killian	Ballybin, Ratoath, Ashbourne	Fianna Fáil	01 8256700 086 8109018	Nkillian@members.meathcoco.ie
		Cllr. Noel Leonard	4 St. Patrick's Park, Dunboyne	Fianna Fáil	01 8251216 087 2345186	Nleonard@members.meathcoco.ie

	Kells	Cllr. Eugene Cassidy	Possextown, Nobber	Fine Gael	046 9052116 086 3717686	Ecassidy@members.meathcoco.ie
		Cllr. John V. Farrelly	Hurdlestown, Kells.	Fine Gael	046 9241290 046 9073737 086 2585154	Remaxroyalcounty@eircom.net
		Cllr. Michael Gallagher	Drumconrath, Navan	Sinn Féin	041 6854498 087 9478222	Mgallagher@members.meathcoco.ie
		Cllr. Michael Lynch	4 White Hall, Oldcastle	Fianna Fáil	049 8541704 086 1080585	MLynch@members.meathcoco.ie
		Cllr. Liz Mc Cormack	3 Park View Athboy	Fianna Fáil	046 9430135 087 6880710	Lmccormack@members.meathcoco.ie
		Cllr. Bryan Reilly	Rockfield Road, Kells	Fianna Fáil	046 9240122 086 2599184	bryan@bryanreillyauctioneers.com

	Navan	Cllr. James Mangan	Rathfeigh, Tara	Fianna Fáil	041 9825429 0868393043	Jmangan@members.meathcoco.ie
		Cllr. Shane Cassells	52 Oakleigh, Navan	Fianna Fáil	01 8407107 086 3399198	Scassells@members.meathcoco.ie
		Cllr. Jenny D'Arcy	Apt 1, 7 Trimgate St., Navan	Fine Gael	087 2619695 046 9434187	Jdarcy@members.meathcoco.ie
		Cllr. Jim Holloway	Farganstown, Navan	Fine Gael	046 9028661 086 2355236	Jholloway@members.meathcoco.ie
		Cllr. Patsy O' Neill	Wilkinstown, Navan	Fine Gael	046 9054122	Poneill@members.meathcoco.ie
		Cllr. Joe Reilly	Faughan Hill, Bohermeen, Navan	Sinn Fein	046 9028392 046 9021345 087 2478508	Joereilly@members.meathcoco.ie
		Cllr. Tommy Reilly	Ardsallagh, Navan	Fianna Fáil	046 9028875 046 9027588 087 278 6945	tpreilly@eircom.net

	Slane	Cllr. Patrick Boshell	Laytown Rd, Julianstown	Fianna Fáil	041 9829264 041 9887438 087 7543537	Pboshell@members.meathcoco.ie
		Cllr. Jimmy Cudden	23 St Cianan's Villas, Duleek	Non-Party	041 9823353 086 8246484	Jcudden@members.meathcoco.ie
		Cllr. Ann Dillon- Gallagher	Loughbracken, Drumconrath, Navan	Fine Gael	041 6854487 086 8800866	adgallagher@members.meathcoco.ie
		Cllr. Eoin Holmes	Blackhill, Heathstown, Stammullen.	Labour	087 2242 765	eholmes@members.meathcoco.ie
		Cllr. Tom Kelly	Ui Maine, Laytown	Green Party -	086 3817700 01 841 8018 041 9827721	Delvin.pharma@gmail.com

	Trim	Cllr. Phillip Cantwell	Villa Maria, Manorland, Trim	Non-Party	046 9431515 087 2880288	Pcantwell@members.meathcoco.ie
		Cllr. William Carey	Newcastle, Enfield	Fine Gael	046 9541064 085 7135073	Wcarey@members.meathcoco.ie
		Cllr. Jimmy Fegan	Commons, Trim	Fianna Fáil	046 9431146 Fax 046 9436643	Jfegan@members.meathcoco.ie
		Cllr. Peter Higgins	High Street, Trim	Fine Gael	046 9431213 046 9431202 0872057176	Phiggins@members.meathcoco.ie
		Cllr. Seamus Murray	Cullentra, Longwood	Fianna Fáil	086 2443499 046 9560964 fax	Smurray@members.meathcoco.ie

4. POBAL, FIONTAR, ÁINEAS, CULTÚR AGUS OIHDREACTH

Tá an Rannóg Pobail, Fiontraíochta, Áineasa, Cultúir agus Oidhreachta freagrach as:

- Bord Forbartha Chontae na Mí
- Forbairt Pobail agus Fiontraíochta
- Tionscnaimh Mhórtas Ceantair
- Saoráidí Pobail, Áineasa, Fóillíochta, agus Taitneamhachta/Scéim Deontas Pobail
- Oidhreacth
- Na hEalaíona
- An tSeirbhís Leabharlainne
- Clár Rapid
- Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

Cuspóir Straitéiseach:

Réimse leathan clár agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur chun cinn a chumasóidh daoine chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i bhforbairt pobail; agus chun obair lena chéile laistigh den Chomhairle, le pobail agus le páirtithe leasmhara, le pobail mhuiníneacha agus inchothaithe a fhorbairt ar an gcaoi is fearr

4.1. **Bord Forbartha Chontae na Mí**

Bhí trí chruinniú ag Bord Forbartha Chontae na Mí in 2008. Tugadh na cuir i láthair seo a leanas:

- Tionscadail Infrastruchtúir, Pleananna Limistéir Áitiúil agus Forbairt Eacnamaíochta Chomhairle Chontae na Mí
- Straitéis Idirghníomhaireachtaí na Mí i leith Phobal an Lucht Siúil
- Polasaí Súgartha na Mí
- Ionad Oibríthe Deonacha na Mí
- Treoirínte maidir le Comhpháirtíochtaí atá Bunaithe go hUirbeach agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla Comhtháite a rialú
- Comhchoistí Póilíneachta i ngach Limistéar Údarás Áitiúil a bhunú agus a fheidhmiú
- Taighde ar Imircigh – ‘Engaging Difference – An opportunity for diversity in a changing Meath’.
- Athbhreithniú Eagraíochtúil Cheardlann Phobal an Lucht Siúil san Uaimh.

Chomh maith lena bhfuil thuas, d’fhreastail an CDB ar cheardlann dhá lá a leagadh amach chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí an bhoird, chun athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil Indecon (a foilsíodh maidir le Boird Forbartha na Cathrach/an Chontae a Láidriú/a Fhorbairt) agus gníomhartha a fhorbairt bunaithe ar na hathbhreithnithe. Úsáidfeadh na torthaí ón gcleachtadh chun cúlra a chruthú mar ullmhúchán d’athbhreithniú CDB ‘Meath in Transition’ go luath i 2009. Mar thosaíocht don CDB mar thoradh ar an gceardlann bhí feidhmiú riachtanach Choiste Feidhmeannach chun cur le úinéireacht agus chun cuidiú leis an Stiúrthóir Pobail & Fiontair chun tionscnaimh agus cruinnithe an CDB a éascú agus a phleanáil. Ceapadh Feidhmeannach go foirmiúil i Nollaig 2008.

Lean an CDB ag déanamh monatóireachta ar Straitéis Idirghníomhaireachtaí na Mí trí bliana do Phobal an Lucht Siúil a seoladh in Aibreán 2007. Déanann Grúpa Stiúir na nIdirghníomhaireachtaí maoirsiú ar chur i bhfeidhm na straitéise agus déantar forbairt bhreise ar na gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos déanta orthu sa Straitéis trí na Grúpaí Oibre ar Cheisteanna – Sláinte/Cóiríocht – Oideachas/Daoine Óga/Cúram Leanáí – Grúpa Ceiste Dlí agus Comhionannais – Grúpa Ceiste Fostaíochta/Oiliúna/Fiontair.

In 2008 bunaidh Tionscnamh Fostaíocht don Lucht Siúil i gCo. Na Mí mar thoradh ar mhaoiniú ó FÁS, Pobal, HSE, DSFA, Comhairle Chontae na Mí, Ceardlann Phobal an Lucht Siúil san Uaimh, & an VEC. Ceapadh Cóiseálaí Poist agus tá maoiniú cinntithe ag an tionscnamh go dtí Meitheamh 2009. Tá ag éirí go maith leis an tionscadal agus táthar ag déanamh meastóireachta air faoi láthair.

4.2. **Forbairt Pobail**

4.2.1. **Bunachar Sonraí don Earnáil Phobail agus Dheonach**

In 2008 lean an Oifig Pobail agus Fiontair, Comhairle Chontae na Mí ar aghaidh ag spreagadh grúpaí pobail agus deonacha clárú ar a bhunachar sonraí. Tá breis is 1000 grúpa cláraithe agus déantar teagmháil go rialta leis na grúpaí sin le sonraí mar gheall ar thionscadail agus tionscnaimh atá á reáchtáil ag Comhairle



Chontae na Mí, Fóram Pobail na Mí, gníomhaireachtaí stáit eile, srl. Tá grúpaí atá cláraithe i dteideal freisin ainmniúcháin agus vótáil a dhéanamh i dtoghcháin Ionadaithe don Earnáil Phobail agus Dheonach.

4.2.2. Fóraim Phobail

Fóram Pobail Chontae na Mí agus Fóraim Phobail an Toghcheantair

Déanann ionadaithe tofa san Earnáil Phobail agus Dheonach, i dteannta ionadaithe ó Fóraim Cheantair, Coiste Stiúrtha a bhunú, a eagraíonn imeachtaí do bhallgrúpaí Fhóram Pobail na Mí. In 2008, d'oibrigh Pobal & Fiontar i ndlúthpháirt leis an gCoiste seo ó thaobh athbhreithniú a dhéanamh ar a fheidhmiú agus ar a chuid struchtúr.

Chuir an Fóram Pobail agus Deonach fáilte roimh ochtar comhaltaí chuig an gcoiste in 2008. Déanann na comhaltaí nua ionadaíocht ar an earnáil Phobail agus Dheonach ar an gcuideachta nua-bhunaithe Comhpháirtíocht na Mí. Trí pháirt a ghlacadh san Fhóram Pobail & Deonach, treisítear naisc níos mó laistigh den earnáil ar fad.

Fuair gach Fóram gníomhach deontas beag bliantúil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, a thagann tríd an Rannóg Pobail agus Fiontair, Comhairle Chontae na Mí agus chuir siad isteach Clár Oibre agus Tuarascáil Gníomhaíochtaí ina leith sin.

4.2.3. Faisnéis Phobail

Tá a dícheall déanta ag Rannóg Pobail agus Fiontair Chomhairle Chontae na Mí malartú faisnéise chuig agus idir pobail a éascú trí réimse de mheáin éagsúla. Reáchtáladh crannchur le haghaidh na ngrúpaí ar fad atá cláraithe ar ár mBunachar Sonraí don Earnáil Phobail agus Dheonach ina raibh ríomhaire mar dhuais. Ba é an Grúpa AMEN ón Uaimh buaiteoir na bliana 2008. Faigheann na grúpaí atá cláraithe ar an mBunachar Sonraí don Earnáil Phobail agus Dheonach comhfhreagrás agus ríomhphoist rialta ón Rannóg Pobail agus Fiontair ina mbionn eolas a bhaineann lena gcuid léasanna.

In 2008, foilsíodh eagrán den nuachtlitir pobail '*Community Matters*' agus dáileadh é ar gach seoladh teaghlaigh agus gnó i gContae na Mí, le ciorclaíocht iomlán de 65,000.

Tá Meath4Funding, atá saor in aisce, ina leas i gcónaí do na grúpaí pobail, na gnóthaí agus na fiontair shóisialta ar fad i gContae na Mí. Tairgíonn Meath4Funding rochtain saor in aisce ar sheirbhís nuálach a sholáthraíonn eolas maidir le deontais agus tacaíochtaí atá ar fáil. Tá nuashonrú á dhéanamh i gcónaí ar an mbunachar sonraí maoiniúcháin cuimsitheach seo a chuimsíonn eolas maidir le deontais agus tacaíocht áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, agus an AE. Tá an tseirbhís seo ar fáil ar www.meath.ie.

4.2.4. Forbairt TE sa Phobal

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas in 2008:

Pobail ar Líne Le Chéile

Go dtí seo, tá os cionn 500 grúpa pobail agus deonacha cláraithe leis an tionscadal 'Pobail ar Líne Le Chéile'. Fuair os cionn 350 grúpa aonair oiliúint agus in go leor cásanna, fuair roinnt daoine as gach grúpa oiliúint ar conas a láithreán gréasáin a chothabháil. Cuireadh feabhas leanúnach ar raon agus ar cháilíocht na ngnéithe a bhí le fáil ar na láithreáin gréasáin mar fhreagairt ar an éileamh a bhí ann i rith 2008.

Scoileanna ar Líne Le Chéile

Fuair os cionn 65 scoil agus Cumainn Tuismitheoirí oiliúint agus tá na láithreáin gréasáin á n-oibriú acu, agus in go leor scoileanna, glacann daltaí páirt i gothabháil ná láithreán gréasáin.

Bunachar Sonraí Oideachais agus Oiliúna

Lean láithreán gréasáin Oideachais agus Oiliúna na Mí (www.metd.ie) i gcomhar leis an Rannóg TE agus an Oifigeach Breisoideachais agus Ardoideachais ag cur acmhainn ríluachmhar ar fáil maidir le heolas faoi chúrsaí a reáchtáiltear sa chontae. Tá beagnach 600 cúrsa atá á reáchtáil i gCo. na Mí liostaithe ar an láithreán gréasáin.



Tairseach Chúram na Mí

Tar éis láithreán gréasáin agus tionscadal Thairseach Chúram na Mí (www.meathcareportal.ie) a sheoladh i Nollaig 2007, seachadadh oiliúint bhunúsach ar scileanna idirlín agus ríomhairí chuig grúpaí pobail iomchuí ar fud an Chontae in 2008.

Eolaire Seirbhísí Tacaíochta

Lean Eolaire Seirbhísí Tacaíochta na Mí (www.meathsupportservices.ie), tionscadal idirghníomhaireachta, a seoladh i nDeireadh Fómhair 2007 i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Seirbhís Eolais Saoránach na Mí, de bheith rathúil agus de bheith mar fhoinsé eolais riachtanach don chontae. Tá os cionn 250 seirbhís tacaíochta áitiúil liostaithe ar an láithreán gréasáin agus ar an CD Rom faoi chatagóirí éagsúla.

4.2.5. Uilechuimsitheacht Shóisialta

4.2.5.1. CDB – Grúpa SIM

Thacaigh an grúpa SIM le bunú an Tionscadail Taighde ar Imircigh – tuarascáil faoi *'Engaging Difference: The opportunity of diversity in a changing Meath'*. Foilsíodh an tuarascáil in 2008. D'fhorhmuinigh an Grúpa an plan RAPID don Uaimh lenár áiríodh roinnt cuspóirí agus gníomhartha maidir le huilechuimsitheacht shóisialta.

4.2.5.2. Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta

Ag deireadh na bliana 2008, ceapadh Anailís ar Uilechuimsitheacht Shóisialta chuig an Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta nua do Chomhairle Chontae na Mí. Ceadaiodh maoiniú mar thoradh ar aighneacht chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil mar fhreagairt ar *Chiorclán LG14/07 – Extension of Social Inclusion Unit Programme*.

4.2.5.3. Cúrsaí Óige

De bhun na moltaí atá leagtha síos ag an Oifig Náisiúnta Leanaí, rinne Bord Forbartha Chontae na Mí comhairliúchán le daoine óga sa chontae trí Chomhairle na nÓg áitiúil (13 bln. – 17 bln.) agus le Comhairle na bPáistí (7 – 12 bln.). Bhí cruinnithe ag an dá ghrúpa i rith na bliana agus thionóil siad roinnt gníomhaíochtaí. Chuir Comhairle na bPáistí seó ceoil ar bun ag Féile Cultúr na Mí agus ghlac Comhairle na nÓg páirt san imeacht *Young Social Innovators*.

I mí na Feabhra 2008, roghnaíodh 6 dhuine óg as Co. na Mí ó phróiseas Chomhairle na nÓg chun ionadaíocht a dhéanamh ar Cho. na Mí ag Dáil na nÓg 2008, a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.

4.2.5.4. Aláraim Dheataigh

Mhainigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an scéim seo agus in 2008, eisíodh 500 aláram deataigh chuig 250 teaghlach i gCo. na Mí ainmnithe ag Grúpaí Pobail. Ba iad na Grúpaí Pobail féin a bhí freagrach as shuiteáil na n-aláram seo.

4.2.5.5. Comhtháthú – Forbairt Áitiúil & Moltaí Pobail

De bhun iarratais ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tá dlúth-chomhoibriú déanta ag an Rannóg Pobail agus Fiontair leis na scéimeanna LEADER agus TIDE i gContae na Mí chun bunú an struchtúir nua le seachadadh na gclár forbartha tuaithe agus na gclár uilechuimseachta sóisialta i gContae na Mí a éascú – Comhpháirtíocht na Mí. In 2008 d'éascaigh an Oifig Pobail agus Fiontair i bpáirtíocht le Comhpháirtíocht na Mí ullmhúchán chlár na vótálaithe chun ionadaithe Pobail & Deonach agus ionadaithe ó líonraí ceiste a thoghadh chuig Bord Comhpháirtíochta na Mí. I mBealtaine 2008, fógraíodh ag an ionad comhairimh gur toghadh ochtar ionadaí pobail & deonacha. Toghadh cúigear ionadaí chun ionadaíocht a dhéanamh ar na cúig toghcheantair i gCo. na Mí agus toghadh triúr chun ionadaíocht a dhéanamh ar na líonraí uilechuimseachta sóisialta, tuaithe & óige.



4.2.5.6. *Míchumas*

Fuair Údarás Áitiúla na Mí maoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais in 2008 do Chaiteachas Caipitil agus Reatha a tugadh aghaidh air san imlitir LG 01/07. Deimhníodh iomlán de €349,553 do na tionscadail seo a leanas:

Caiteachas Reatha

Oiliúint – Comhpháirtíocht Spóirt na Mí	€ 29,957
Iniúchtaí ar Rochtain	€ 3,896
Foirgneamh Pleanála Nua	€ 2,300
Leabharlanna	<u>€110,865</u>
	€ 147,018

Caiteachas Caipitil

Halla an Chontae, An Uaimh	€102,535
Spás Poiblí Bhóthar Uí Chinnéide	<u>€100,000</u>
	€202,535

4.3. *Tionscnaimh Mhórtas Ceantair*

Go príomha, comórtas is ea Mórtas Ceantair Chomhairle Chontae na Mí chun leas a bhaint as acmhainní grúpaí pobail gníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar éilimh comhshaoil maireachtála ar ard-chaighdeán agus chun comhpháirtíocht leis an údarás áitiúil a chothú. Iarrtar ar gach pobal freagracht a ghlacadh dá cheantar, ní mar chomhlacht aonair ach le comhairle agus tacaíocht Chomhairle Chontae na Mí.

Níl sé ar chumas Chomhairle Chontae na Mí, laistigh dá cuid acmhainní teoranta, freastal ar na héilimh seo gan rannpháirteachas na bpobal áitiúil. Meastar do gach €1 a infheistíonn Comhairle Chontae na Mí san fhorbairt pobail seo, infheistíonn grúpaí deonacha €10 i dtéarmaí maoinithe, obair dheonach, úsáid a bhaint as soláthróirí agus ghnólachtaí áitiúla.

Is iad seo a leanas na comórtais atá mar chuid de Mhórtas Ceantair:

- An Comórtas ‘Royal Bloom’ do bhailte agus do shráidbhailte
- An Comórtas d’Eastáit Tithíochta
- Dámhachtainí Bealaí Uisce
- Tionscnaimh Feabhsúcháin ar Láithreáin Thréigthe
- Scéim Péinteála do Shráidbhailte
- Comórtas Bláthanna na hEaglaise
- An Comórtas Harvest Miles

Ghlac iomlán de 150 grúpa páirt i dTionscnaimh Mhórtas Ceantair in 2008 agus réachtáladh an Searmanas Dámhachtainí bliantúil i nDeireadh Fómhair 2008. Ba é Maigh nEalta an buaiteoir duaise foriomlán ach bronnadh dámhachtainí chomh maith ar go leor grúpaí eile mar aitheantas ar an sáróbair a rinne siad ag cur feabhais ar a gceantair, lena n-áirítear Baile an Locha, Baile an Chaisleáin agus Baile an Bhóthair.

Rinne 18 n-ionad difriúil ionadaíocht ar Cho. na Mí i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara in 2008, inar bhain Baile an Bhóthair, Maigh nEalta, Baile Átha Buí agus Baile Átha Troim tús áite amach do Chontae na Mí ina gcatagóirí faoi seach.

In 2008, ghlac 35 scoil páirt i gComórtas Mórtas Ceantair Chomhairle Chontae na Mí (POP) le haghaidh Scoileanna

I measc catagóirí POP do Scoileanna tá:

- Garraí Táirgiúil nó Inbhuanaithe
- Garraí Bithéagsúlachta/Fiadhúlra
- Feidhm na hEalaíona i Suíomh Scoile
- Garraí Traidisiúnta
- Garraí Nuálach
- An Córas Bainistíochta Comhshaoil is Fearr
- An Ghníomhaíocht Lánscoile is Fearr
- An Duais Fhoriomlán don Gharraí is Fearr

Reáchtáladh Searmanas Dámhachtainí Mórtas Ceantair Chomhairle Chontae na Mí (POP) le haghaidh Scoileanna i gColáiste Bhaile an Bhairínigh i Meitheamh 2008.

Bhain Cill Scire an dámhachtain foriomlán amach agus fuair go leor scoileanna eile dámhachtainí do thionscadail shonracha maidir le hinbhuanaitheacht, úsáid na healaíne agus rannpháirteachas pobail.

Tá fócas láidir ar oiliúint ag na Tionscnaimh Mhórtas Ceantair agus faigheann grúpaí pobail gníomhacha deis a gcuid scoileanna bainistíochta ar an dtírdheach a athnuachan mar seo a leanas:



Feabhra/Bealtaine 2008:

- Ceardlann phraiticiúil aon lae i nGarraithe Náisiúnta na Lusanna do rannpháirtithe i Mórtas Ceantair le haghaidh Scoileanna.
- Ceardlanna garraíodóireachta aon lae do ghrúpaí pobail agus grúpaí deonacha, do chumainn chónaitheoirí agus do ghníomhaithe pobail aonair
- Seimineár do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara
- Fuair 15 grúpa comhairliúcháin ghairneoireachta ar an suíomh le haitire agus le garraíodóir tírdhreacha.

4.4. An Léig Frithbhruscair

In 2008, bhí 76 grúpa rannpháirteach sa Léig Frithbhruscair. Agus an trealamh cuí ina seilbh acu thug na hoibrithe deonacha faoin mbruscar a ghlanadh óna n-eastáit tithíochta, óna mbailte nó óna sráidbhailte. Le linn tréimhse an chomórtais, a bhí ar siúl i rith mí Márta agus Aibreán, thug moltóirí cuairt ar gach ceantar rannpháirteach uair sa choicís agus cailleadh marcanna aon áit ar tharla bruscar.

Reáchtáladh an tráthnóna Dámhachtainí don Léig Frithbhruscair i mí Bealtaine 2008 in Óstán Newgrange san Uaimh.

Bronnadh an áit is mó a bhí saor ó bhruscar ar Bhaile Iúiliáin agus bronnadh duaiseanna ar Bhaile an Chaisléain agus ar Maigh nEalta chomh maith.

I measc na mbuaiteoirí i gcatagóir na n-eastát tithíochta bhí **Sean-Ardán** an Bhaile Bhradaigh, Baile Roibin, Radharc na Mainistreach, Baile Shláine agus Fairway Lawns, Baile an Bhiaigh.

4.5. Scéim Tobhaigh d'Fhóntais

Bunaíodh Scéim Tobhaigh d'Fhóntais Chomhairle Chontae na Mí in 2003 agus bronnadh na chéad deontais in 2004. Cuireann an scéim seo cúnamh airgeadais ar fáil don Chomhairle agus do ghrúpaí pobalbhunaithe agus d'eagraíochtaí deonacha le haghaidh áiseanna spóirt, fóillíochta, comhshaoil, fóntais, oidhreacht agus cultúir a fhorbairt laistigh de Chontae na Mí. Tá an maoiniú do thionscadail agus do thionscnaimh ghrúpaí pobalbhunaithe faoi riarachán na fo-scéime, an Scéim Deontas Pobail. Faigheann an Scéim Tobhaigh d'Fhóntais maoiniú bhliantúil ón teacht isteach ó thobhaigh fhóntais ar fhorbairtí nua laistigh den chontae.

I mí Iúil 2008, chomhaontaigh an Chomhairle maoiniú €5.98m le haghaidh tionscadal agus tionscnamh Chomhairle ag leibhéal an Chontae agus an Toghcheantair, agus do Thionscadail Pobail. Gheobhaidh 44 tionscadal ar fud an chontae, lena n-áirítear áiseanna spóirt, ionaid pobail/acmhainní, tionscadail oidhreacht agus feabhsúcháin chomhshaoil leas as mórleithdháileadh maoiniúcháin de €767,000 ar ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha.

4.6. Tionscadail Phobail Chomhshaoil agus An Scéim Deontas Oibreacha

Bhunaigh Comhairle Chontae na Mí (an Chomhairle) agus Coiste Teagmhála Phobal Líonta Talún Knockharley an scéim seo agus cuireann an scéim cúnamh airgeadais ar fáil don Chomhairle agus do chlubanna pobalbhunaithe áitiúla agus eagraíochtaí deonacha le tionscadail phobail chomhshaoil agus oibreacha sa cheantar a fhorbairt.

Seoladh an scéim deontas in 2008 agus bhain naoi ngrúpa pobail agus eagraíochtaí deonacha leas as iomlán de €503,675 a cheadaigh Coiste Pobail Knockharley, An Contae agus comhaltáí áitiúla i leith deontas lena n-áirítear forbairt saoráidí spóirt, taitneamhachtaí, comhshaoil, fóntas, oidhreacht agus cultúir laistigh de dhúiche Bhaile an Cheantaigh / Knockharley.

4.7. An Oifig Ealaíon

Éascaíonn an Oifig Ealaíon cur chun cinn na n-ealaíon agus an chultúir sa chontae, ag aithint thábhacht an ealaíontóra, an ról lárnach atá ag an ealaíontóir i gcur chun cinn na huilechuimsitheachta sóisialta, agus an ról atá acu chun cabhrú leis na hÚdaráis Áitiúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach i réimse na forbartha pearsanta, forbairt phobail, fostaíocht agus turasóireacht.

D'fhorbair An Oifig Ealaíon clár cuimsitheach rannpháirteach in oiliúint agus i bhforbairt na n-ealaíon a d'fhorbair agus a chuir chun cinn scileanna éascaithe na n-ealaíontóirí a raibh suim acu a bheith ag obair sna healaíona rannpháirteacha. Ón gclár seo, forbraíodh grúpa nua ealaíontóirí a speisialaíonn sna healaíona pobail/rannpháirteacha ar a dtugtar AIM (Artists Interacting in Meath).



In 2008 bunaíodh an Meath Youth Theatre atá lonnaithe sa Venue, Ráth Tó. Tá an tionscnamh seo oscailte do dhaoine óga ar fud an chontae idir 12 – 18 bliana d'aois agus forbraíonn sé scileanna aisteoireachta, léirithe, bainistithe stáitse agus scríbhneoireachta na ndaoine óga a bhí rannpháirteach. Tacaíodh le féilte ar fud Chontae na Mí chomh maith agus dá bhrí sin, tugadh na healaíona chuig na bailte/agus na pobail ar fad.

Reachtáladh sé ócáid cheoil clasaiceacha idir Eaglais Naomh Muire Eaglais na hÉireann, an Uaimh agus An Venue, Ionad Pobail Ráth Tó.

Reachtáladh ceithre thaispeántas i nDánlann Toradh, Damhliag agus reachtáladh ceardlanna “Meet the Artist” i dteannta grúpaí scoir ghníomhach, scoileanna agus grúpaí óige ar fud an chontae.

Tháinig dhá ghrúpa le chéile chun a gcuid staire agus scéalta agus a mbaile a scrúdú tríd an tionscadal ‘Site to Sound’ leis an scríbhneoir/drámadóir Helen Blackhurst agus an ealaíontóir fuaimne Slavek Kwi. Thar sé mhí rinne Club Cairdis An Obair agus Meánscoil Naomh Seosamh An Uaimh scrúdú ar a gcomhshaol agus a stair trí fhuaim agus scéalaíocht.

Tá leathnú á dhéanamh ag an Oifig Ealaíon ar na cláir thionscnamh inbhuanaithe pobail atá ann faoi láthair sna príomhréimsí seo a leanas: Na hEalaíona agus Daoine le Míchumas, na hEalaíona agus Aosaigh, Ilchultúrthachas agus na hEalaíona, Drámaíocht/Damhsa do Dhaoine Óga, na hEalaíona san Oideachas agus na hEalaíona agus Forbairt Pobail.

Ba iad seo a leanas buaicphointí na n-ócáidí a reachtáladh do na grúpaí thuas

- Cuireadh tús le Próiseas comhairliúcháin ar an bPlean Forbartha Ealaíon 2009 – 2013
- Críochnaigh athbhreithniú cuimsitheach iomlán ar Phlean Forbartha Ealaíon na Mí 2005-2007
- Bunaíodh an Meath Youth Theatre
- Bealtaine, ina raibh ceardlanna éagsúla ina measc scríbhneoireacht chruthaitheach, péintéireacht, scéalaíocht agus meantóireacht amharcealaíona le Robert Ballagh.
- An Clár ‘Meet the Artists’ i nDánlann Toradh
- Ealaíona Óige
- An Tionscadal ‘Site to Sound’
- Forbraíodh Malartú Chultúir Cary le Club Ceamara Dhamhliag agus Club Ceamara na hUaimhe
- Leanúint leis an Tionscadal Lit Lab i gcomhar le hOifig Ealaíon an Chabháin
- Taispeántais Amharcealaíon i nDánlann Toradh, Oifigí Cathrach Chill Dhéagláin le Edel Campbell, Kitty Rogers agus taispeántas de Bhailiúchán Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí.
- Ócáidí ceoil chlasaiceach i gcomhpháirtíocht le Music Network

Forbraíodh páirtíochtaí nua agus comhdhlúthaiodh cinn a bhí ann cheana féin le gníomhaireachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta leis an aidhm seo thuas a bhaint amach.

I measc na gcomhpháirtithe lenar oibríomar le linn 2008 bhí:

- Ionad Ealaíon Solstice
- Ionad Pobail Ráth Tó
- Alternative Entertainments Ltd.
- Moveable Feast Workshop Co.
- Music Network
- Oifig Oidhreachta na Mí

Is iad na comhpháirtíochtaí a ndearnadh forbairt bhreise orthu ná:

- Age and Opportunity Ireland
- Access Cinema Foreign Film Festival
- Cónaidhm Óige na Mí
- Seirbhís Leabharlaine Chomhairle Chontae na Mí
- Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- Bunscoileanna agus Meánscoileanna sa Chontae
- 25 Ionad Scoir Ghníomhach i gContae na Mí
- Le Chéile, An Seanchaisleán Co. na Mí
- Meath Harp Ensemble



4.7.1. Sparánachtaí & Dámhachtainí 2008

4.7.1.1. *Ciste Forbartha d'Ealaíontóirí Gairmiúla*

Emma Martin
Laura Canavan Doyle
Delphine Coudray

4.7.1.2. *Scéim Deontas d'Fhéilte*

Féile an tSamhraidh, Ceannanas
Córffhéile na hUaimhe
Féile Ealaíon agus Ceoil Le Chéile
Féile Chultúir, Oidhreacht agus Cláirsí O'Carolan
Seachtain Fhéile Lucht Siúil na hUaimhe

4.7.1.3. *Scéim Deontas Débhliantúil Ealaíon Céim 1*

Grúpa Ealaíon Oidhreacht
Grúpa Scríbhneoirí na Bóinne
Cumann Ceoil Bhaile Átha Troim
Grúpa Ealaíne na Mí
Grúpa Ealaíne Dhún Seachlainn
Comhaltas Ceoltoirí Éireann, Baile Átha Troim
Tionscadal Ealaíne Soghluaiste Mhaigh Muirí

4.7.1.4. *Scéim Deontas Débhliantúil Ealaíon Céim 11*

Grúpa Scríbhneoirí Sóisearach na Mí (Tommy Murray)
Navan Silver Band
Donna Ansley
Cumann Ceoil na nÓg Cho. na Mí
Compántas Drámaíochta Blue Mood
Córffhéile na hUaimhe

4.7.1.5. *Scéim Cheannaigh Uirlisí Ceoil do Scoileanna*

Scoil Naomh Eoin, Gleann Chluain Mhic Adain
Scoil Náisiúnta Bhaile an Locha
Navan Educate Together
Scoil Mhuire, Maigh Locha, An Seanchaisleán
Scoil Spioraid Naomh, An Inse

4.7.1.6. *Going Solo*

Níor dámhadh

4.7.1.7. *Dámhachtain Ealaíne Pobail*

Clár Críochnú Scoile na hUaimhe
Bunscoil Clochar Mhuire, Baile Átha Troim
Cumann Tuismitheoirí Scoil Náisiúnta Charn na Ros
Coiste Chúram Leanai Chontae na Mí

4.7.1.8. *Dámhachtain Chuimhneacháin Tony Finnegan*

Emma Brady
Ciara Taaffe

Luach iomlán na ndámhachtainí: 32 – Luach: €26,000



4.8. Seirbhísí Oidhreachta

Bunaíodh Fóram Oidhreachta Chontae na Mí go hoifigiúil in 2006. Grúpa comhairleach neamhreachtúil is ea an Fóram a bhunaigh an tÚdarás Áitiúil le comhairle a chur ar fáil maidir le Plean Oidhreachta an Chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tagann ballraíocht den fhóram ó na hearnálacha seo a leanas: an rialtas áitiúil, forbairt áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, ionadaithe úinéara thalún, an earnáil phobail agus dheonach, grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta agus institiúidí oideachasúla.

In 2008 chuir an Oifig Oidhreachta Bliain II de Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2007-2011 i bhfeidhm agus chinntigh sí maoiniú chun Bliain III den Phlean Oidhreachta a chur i bhfeidhm in 2009.

Eascaíodh ceithre chruinniú d'Fhóram Oidhreachta na Mí in 2008.

Críochnaíodh na tionscadail seo a leanas in 2008:

- Suirbhé ar Ghnáthóga Cósta agus Bogach an Chontae chun sonraí éiceolaíochta bunlíne a bhunú ar láthair, mhéid, chomhshuíomh fásra agus ar bhainistiú na ngnáthóg cósta agus bogach.
- Comhairliúchán poiblí ar Dhréachtphlean Caomhnaithe agus Bainistíochta do Bhalla agus Cosaintí Bhaile Átha Troim. Tá sé mar chuspóir foriomlán ag an bplean seo cabhrú leis na gníomhaireachtaí agus leis na grúpaí éagsúla a bhfuil sé de dhualgas orthu Ballaí Bhaile Átha Troim a chaomhnú agus a bhainistiú plean rathúil caomhnaithe agus bainistíochta don séadchomhartha náisiúnta uathúil seo a cheapadh, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.
- D'oibrigh an Fóram Oidhreachta i bpáirtíocht le Grúpa Athchóirithe Uiscebhealach na Bóinne ar a gclár athchóirithe céimithe ar Uiscebhealach na Bóinne agus a Chosán Tarraingthe.
- Ullmhaíodh an chéad Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2008-2012 do Chontae na Mí.
- Iniúchadh ar Oidhreacht Thionsclaíoch chun fardal dhoiciméadach a chur le chéile (suirbhé páipéir) ar láithreacha oidhreacht thionsclaíoch i gCo. na Mí bunaithe ar an SMR, foinsí stairiúla agus cartagrafacha (léarscáileanna OS)
- Suirbhé ar speiceas ionrach agus seimineáir eolais chun na príomhspéiseas atá mar bhagairt mhór i gCo. na Mí a aithint agus chun feachtas agus tuiscint a ardú maidir lena dtionchar agus lena smachtú.
- Lean Scéim Chomhairleach na Séadchomharthaí Allamuigh ar aghaidh in 2008. Chuir eolas agus comhairle ar fáil d'úinéirí talún maidir le cúram agus bainistiú na séadchomharthaí.
- Comhalta de choiste agus de ghrúpa oibre chun *Creatchlár Taighde do Láthair Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne* a fhorbairt.
- Comhalta den Choiste Stiúrtha ar Cheantar Coille Bhaile na Rátha chun Coill Bhaile na Rátha a fhorbairt mar ionad oideachais allamuigh agus mar choillearnach taitneamhachta.
- Chéim II d'Fhardal Reiligi Chontae na Mí lena bhfuil cuairteanna ar láithreáin agus suirbhé grianghrafadóireachta i gceist.
- Reachtáladh dhá sheimineár eolais ar oidhreacht thógtha, ar ar fhreastail os cionn 400 duine chun comhairle agus eolas a chur ar fáil d'úinéirí struchtúr chosanta ar phleanáil, dheontais chaomhnaithe agus caomhnú agus cothabháil choisctheach.
- Leathnaíodh an láithreán gréasáin • oidhreachta agus rinneadh nuashonrú air agus píosaí éagsúla faisnéise curtha leis. (www.meathheritage.ie)
- Chuir an tseirbhís an Scéim Oidhreachta do Scoileanna 2008 chun cinn.
- D'eagraigh comhalta den Trim Swift Festival Committee an fhéile tionscnaimh *Trim Swift Festival* i Meitheamh 2008 a dhéanann ceiliúradh ar shaol, ar shaothar agus ar leagáid Jonathan Swift.
- Eagraíodh mór-chomhdháil i mBaile Átha Troim, i gcomhpháirtíocht le CRDS Ltd, a dhírigh ar thochailt seandálaíochta a rinneadh le déanaí ar a tugadh *Uncovering Trim Town*.
- Faoin *Irish National Strategic Archaeological Research (INSTAR) Programme*, tá an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le Scoil Thireolaíochta UCD, UCD, Scoil Seandálaíochta, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, University of Southampton agus Talamh Ltd ar Thionscadal Tirdhreacha Ghleann na Bóinne chun módúil chuimsitheach comhtháithe GIS d'éabhlóid tirdhreacha agus stair úsáid talún i nGleann Abhainn na Bóinne a fhorbairt agus dá bhrí sin tuiscint i gcomhthéacs an chomhshaoil a fhorbairt ar phríomhghné d'Oidhreacht Seandálaíochta na hÉireann. Áireofar le haschur an tionscadail seo uirlis GIS a fhorbairt trí úsáid a bhaint as sonraí Lidar atá ann cheana féin don láithreán a stiúrfaidh bainistíocht úsáidte talún sa cheantar amach anseo.
- Eagraíodh siúlóid dúlra le taobh na Bóinne chun Lá Náisiúnta na Bithéagsúlachta 2007 a chur chun cinn
- Rinne an tseirbhís comhordú ar cheiliúradh bliantúil na Seachtaine Oidhreachta. Tugadh poiblíocht fhorleathan do na himeachtaí agus d'eagraigh an oifig líon áirithe ócáidí ina measc taispeántais agus Lá Gníomhaíochta Dúlra do Theaghlaigh i bPáirc Dhealgan.



- Bhí Oifig Oidhreachta na Mí mar chomhpháirtí sa tionscadal INTERREG dar teideal 'Action for Biodiversity' le 10 nÚdarás Áitiúil i Réigiún na Teorann Thoir
- Ag comhoibriú le Comhairle Chontae Chill Dara agus NUI Maigh Nuad ar thionscadal chun cur síos a dhéanamh agus suirbhé a dhéanamh ar *The Holy Wells of Meath and Kildare*.
- Cuireadh chun cinn Scéim Deontais Oidhreachta Áitiúil na Comhairle Oidhreachta trí na meáin áitiúla, casadh ar ghrúpaí pobail áitiúla agus tugadh comhairle dóibh maidir le hiarratais a dhéanamh de réir mar a bhí sé sin de dhíth.
- Rinne Comhairle Chontae na Mí urraíocht ar Shraith Léachtaí Fómhair Institiúid Lios Muilinn.

4.9. Seirbhísí Leabharlainne

Is mar thoradh ar an ngealltanais leanúnach don phlean Forbartha Leabharlainne 2005-2009 atá an dul chun cinn breise i réimse an infrastruchtúir, forbairt ar bhraintí, uaire oscailte níos faide, feabhsúcháin ar bhraintí, forbairt léitheoirí, seirbhísí ilchultúrtha, staidéar áitiúil agus imeachtaí.

Táscairí Feidhmiúcháin do 2008:

Meán-líon uaireanta oscailte poiblí sa tseachtain	
Leabharlanna Lán-Aimseartha	37.7
Leabharlanna Páirtaimseartha	14.50

Líon iomlán na gcuartheanna ar leabharlanna lán-aimseartha
463,300

Stoc Leabharlainne	
Caiteachas bliantúil ar stoc	€275,000
Líon iomlán na leabhar a eisíodh	363,207
Líon iomlán na míreanna eile a eisíodh	81,862

4.9.1. Infrastruchtúr agus Uaire Oscailte

Críochnaíodh an obair dheartha ar thionscadail Leabharlainne Bhaile Fómhair, Bhaile an Bhiataigh agus Dhamhliag ó tharla gur fuarthas maoiniú chun na tionscadail a chur chun cinn.

Rinneadh tuarascáil féidearthachta ar Leabharlann na hUaimhe agus ar an gCeanncheathrú chun roghanna deartha a bhreithniú maidir le brainse na hUaimhe a leathnú agus a mhéadú agus é a cheangal le hIonad Ealaíon Solstice. Cuireadh dearadh Leabharlann agus Ionad Cultúir Bhaile Átha Triom chun cinn.

Sineadh uaire oscailte leabharlann Bhaile Átha Buí go dtí 20 uaire in aghaidh na seachtaine, mar chuid den tiomantas d'uaireanta oscailte níos fearr agus níos faide. Fuarthas maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, d'athsholáthar veain seachadta do leabharlanna scoile agus brainse.

Léirigh uasghráduithe ar an leathanbhanda agus ar an líonra ar fud an chontae ardú ar sheisiúin idirlín leabharlainne poiblí go dtí 53,000. Thaispeáin Suirbhé ar Úsáideoirí na Leabharlann Poiblí go bhfaigheann 26.5% d'úsáideoirí rochtain ar acmhainní na leabharlainne tríd an idirlíon.

4.9.2. Staidéar Áitiúil

De bharr rochtain níos fearr ar an gCartlann Léarscáilithe Stairiúil OSI tá fáil ag úsáideoirí den líonra brainse ar an gcéad suirbhé ar mhórsála a rinneadh ar an gcontae ar fad. Tá rochtain ag na brainsí anois ar Griffith's Valuation 1854 agus tá rochtain digiteach acu ar líon mór nuachtáin réigiúnacha tríd an suíomh www.newsarchive.com

Thionóil an Rannóg Staidéir Áitiúil roinnt seisiún léitheoireachta agus seoladh roinnt leabhar i rith na bliana chomh maith le cuairteanna ó Paddy Meegan, Anthony Holten, Arnold Horner agus Arlene Hogan. D'oibrigh an tseirbhís chomh maith ar na píosaí as ailt i "Meath Parish History and Folklore" a scríobh Maighread Uí Conmhíde Uasal, a réiteach lena bhfoilsíú.



4.9.3. An tSeirbhís do Bhunscoileanna

Eisíodh 23,260 mír chuig na scoileanna in 2008. Ba é deontas na scoile ón Roinn Oideachais ná €4.52 in aghaidh an dalta ag tabhairt deontais iomlán de €95,747.16 don scoilbhliain 2008. Cheadaigh an deontas seo 14,480 mír a cheannacht do sheirbhís na scoileanna. Ina dhiaidh sin, tharraing an Roinn Oideachais siar an maoiniú do sheirbhís leabharlainne na scoileanna i mBuiséad an Fhómhair 2008.

Gné ar leith de 2008 ná an méid a d'fhorbair an tseirbhís leabharlainne agus sheachaid sí seirbhísí agus imeachtaí nua i gcomhpháirtíocht le raon gníomhaireachtaí ar nós an HSE, EU Food and Veterinary Centre ag Gráinseach agus Leabhair Pháistí Éireann.

4.9.4. Clár Gaeilge Ar-Líne i Leabharlanna na Mí

Rinne Seirbhís Leabharlainne na Mí i gcomhpháirtíocht le Rannóg Forbairt Eacnamaíochta agus Nuálaíochta Chomhairle Chontae na Mí agus NUI Maigh Nuad, píolótú ar an gclár Gaeilge ar-líne i ngach brainse leabharlainne i Márta 2008. Tá an cúrsa bunaithe ar shiollabas na hArdteistiméireachta agus áirítear air liosta de nótaí próis agus staidéir. Tá áis ag an gclár chomh maith a sheolann ceisteanna ríomhphoist faoi Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta díreach chuig an Rannóg Gaeilge i Maigh Nuad. D'fháiltigh an píolóta roimh aiseolas a fháil ó úsáideoirí leabharlann maidir leis an gclár chun an córas a fheabhsú agus freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na n-úsáideoirí.

4.9.5. Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge

Eagraíodh go leor imeachtaí i Leabharlanna Bhaile Átha Troim, Chill Dhéagláin, na hUaimhe, Dhún Búinne agus Ráth Chairn chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge. Áiríodh orthu sin, seisiúin thráth na gceist agus tugadh cuireadh do dhaltai scoile áitiúla chuig na leabharlanna éagsúla chun corn na bliana a bhuan. Cuireadh bíongó as Gaeilge agus ceirdeanna cártaí Ceilteacha ar bun chomh maith. Tugadh cuireadh do Chomhaltas Ceoltoirí Éireann chuig Leabharlann Bhaile Átha Troim agus dhírigh an Ashbourne Music Appreciation club ar cheol na hÉireann do mhí na Márta.

4.9.6. Scéim Léitheoireachta Sláintiúil na Mí

Sheol an tseirbhís leabharlainne i gcomhpháirtíocht le Rannóg Síceolaíochta HSE na Mí scéim léitheoireachta sláintiúil nua in Aibreán. Is é aidhm na scéime seo ná rochtain níos fearr a bheith ag teaghlaigh agus daoine fásta a bhfuil mionfhadhbanna nó mórfhadhbanna iompair, mothúcháin, síceolaíochta acu, ar leabhair fhéinchabhracha ar ardchaighdeán. Tá baint ag dochtúirí teaghlaigh, altraí sláinte poiblí, siciatraithe, oibríthe sóisialta agus altraí meabhairshláinte leis an scéim agus molann siad leabhair sonracha dá gcuid cliant. Clúdaíonn na leabhair atá ar fáil sna leabharlanna topaicí ar nós fearg, fadhbanna iompair, méala, bulaíocht, féinfhorbairt, anbhá, strus, dúlagar, treallús agus fadhbanna caidrimh. Tugann an scéim rochtain éasca ar an gcineál seo de chóireáil síceolaíochta d'othair tríd an tseirbhís leabharlainne.



Executive Librarian Shauna Henry and Senior Clinical Psychologist at the launch of the Healthy Reading Scheme.

4.9.7. Comórtas Díospóireachta AE

Ba í Scoil Clasaiceach Naomh Pádraig, An Uaimh, buaiteoir na bliana seo do chomórtas díospóireachta bliantúil an AE. Is í Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí a bhunaigh an díospóireacht i dtús báire, tríd an tSeirbhís Leabharlainne d'Iar-bhunscoileanna chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh caoga bliain shíniú Chonradh na Róimhe. Tugadh cuireadh do scoileanna ar fud an chontae cur isteach ar an gcomórtas, ina raibh ríomhaire glúine, teilgeoir agus scáileáin mar dhuais don fhoireann a bhuaigh an comórtas. Fuair an fhoireann a bhuaigh corn Dhúshlán díospóireachta an AE agus fuair gach iomaitheoir sa bhabhta ceannais dearbhán 40 Euro mar dhuisseanna aonair. Ba é Rún an bhabhta ceannais ná: *"Should the EU expand to include all those European states that wish to join?"*. Ba í Pobalscoil Bhaile Átha Búí a bhí mar fhreasúra.

Reáchtáladh an babhta ceannais ag an European Food and Veterinary Centre sa Ghráinseach an Aoine 30 Bealtaine. Bhí an painéal moltóireachta faoi chathaoirleacht Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Mí, Nick Killian, agus ina theannta ar an bpainéal moltóireachta bhí Anne Rauniomäki, Uasal, Coimisiún na hEorpa, Gráinseach, agus Mary Killoran Uasal, ó Oifig Pharlaimint na hEorpa i mBaile Átha Cliath. Thug Mary Killoran cuireadh don dá fhoireann cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa i Strasburg mar dhuais speisialta ó Oifig na Parlaiminte.



The winning team from St. Patrick's Classical School, Navan with the EU debate judging Panel and County Librarian Ciaran Mangan.

4.9.8. Clár Samhraidh

Seoladh an clár samhraidh i mí Iúil i ngach leabharlann i gCo. na Mí leis an scéim léitheoireachta 'Team Read'. Is do pháistí idir 6 – 12 bliana d'aois í an scéim léitheoireachta seo agus aontaíonn na páistí sé leabhar a léamh le linn mhí Iúil agus Lúnasa agus ar shon faigheann siad fillteáin léitheoireachta, greamaitheoirí, leabharharcanna, pinn agus teastas & bonn gnóthachtála saor in aisce nuair a chríochnaíonn siad an scéim. Reáchtáil roinnt de na leabharlanna níos mó cóisir bronnta do na léitheoirí rathúla a chríochnaigh an clár i Lúnasa. D'fhreastail an Réalt Oilimpeach Darren Sutherland ar Cheiliúradh na hUaimhe agus bhronn sé boinn agus teastais 'Team Read' ar na páistí a chríochnaigh an scéim. Ghlac suas le 1,000 páiste páirt sa scéim.

Reáchtáladh an clár seo i rith mhíonna an tsamhraidh agus i measc bhuaicphointí mhí Iúil bhí seónna draíochta, ealaíona agus ceardaíocht an tsamhraidh, ceardlanna Horrid Henry, ceardlanna na ndineasár, clubanna scannán, uaireanta gníomhaíochtaí cearrbhachais, scéalta agus amhráin tuismitheoirí agus lapadáin, seisiúin Fit Kids, agus seisiúin Fichille agus neart eile. Tá deis ann chomh maith bualadh le nathracha agus ainmhnithe ón 'Really Wild show' sna leabharlanna móra. Reáchtáil Leabharlanna Chill Dhéagláin, Bhaile Átha Troim, agus na hUaimhe Comórtas Playstation 2 do pháistí idir 7– 12 bliana d'aois, rinne Sony Entertainment urraíocht ar an imeacht seo agus tá roinnt spotduaiseanna PS2 urraithe acu chomh maith. Fuair buaiteoir an chomórtais cluiche Playstation mar dhuais. Bhí clár Lúnasa i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon na Comhairle agus i measc na buaicphointí bhí drámaí puipéad, scéalaithe, ceardlanna drumadóireachta, seónna bóthair peataí, seisiúin Fit Kids agus ceardlanna Dr Who. Eagraíodh níos nó ná 200 imeacht do thréimhse an tsamhraidh.

4.9.9. Lá na Léitheoirí agus na Scríbhneoirí

Rinne Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí ceiliúradh ar an gcéad 'Lá na Léitheoirí agus na Scríbhneoirí' an Satharn 20 Meán Fómhair in Óstán Chaisleán Bhaile Átha Troim. Is imeacht saor in aisce a bhí ann agus bhí sé oscailte do gach úsáideoir leabharlainne agus don phobal i gcoitinne.

I measc na n-údar a d'fhreastail ar an imeacht bhí Anita Notaro, údar 'Take a look at me now', Claire Allan údar an leabhair cháiliúil 'Rainy days and Tuesdays', Chris Binchy údar 'The Lighthouse' agus scríbhneoir coire Laura Wilson agus i measc a cuid saothar tá 'A Thousand Lies'.

Bhí an scríbhneoir rómánsaíochta Éireannach Trish Wylie i láthair chomh maith. I measc na n-údar áitiúil a d'fhreastail ar an imeacht bhí an scríbhneoir coire KT McCaffrey agus Noelle Harrison.

Áiríodh ar na painéil a cuireadh le chéile don lá sin, painéal coire, painéal ficsin na mban, painéal rómánsaíochta agus painéal scríbhneoirí na hÉireanna, a chruthaigh go leor ceisteanna ón lucht éisteachta.



Ciarán Mangan and Mary Murphy with the participating authors at the Readers' and Writers' Day

4.9.10. Seirbhísí do Pháistí

Roghnaíodh club leabhar na bpáistí i Leabharlann Bhaile Átha Troim chun póstaer náisiúnta a dhearadh d'Fhéile Bhliantúil Leabhar na bPáistí i mí Dheireadh Fómhair. D'oibrigh baill den chlub leis an údar Conor Kostic agus leis an maisitheoir Alan Barrett. Ba é téama na hoibre ná 'If kids made the reading rules' agus rinne siad 12 molta do mhúinteoirí, leabharlannaithe, údair, foilsitheoirí agus maisitheoirí. Sheol Stiúrthóir Chomhairle na Leabharlainne Norma McDermot an tionscnamh i Leabharlann Bhaile Átha Troim agus rinneadh 30,000 póstaer. Thairfeadaigh RTE an seoladh agus taispeánadh é ar an gclár Den TV.



Launch of the National Poster in Trim Library

Bhain páistí ar fud an chontae leas as níos mó ná 80 imeacht a d'eagraigh Leabharlanna Chomhairle Chontae na Mí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Fhéile Leabhar na bPáistí in 2008.

Tugadh cuireadh do scoileanna na Mí cuairt a thabhairt ar a gcuid leabharlann áitiúil chun bualadh le húdair a bhfuil gradam buaite acu ar nós Colin Bateman, Alan Durant, Nick Ward, Niamh Sharkey, Alan Gibbons, Pat Ryan agus Oisín McGann.

I measc na gceardlann eile bhí scéalaithe, ceardlanna rap agus imeachtaí oscailte don phobal i gcoitinne.

Reáchtáil an Gaiety School of Acting ceardlanna idirghníomhacha ar mhíotas agus finscéalta Ceilteacha.

Cuireadh comórtas dathúcháin ar bun ar fud na tíre freisin do pháistí faoi 5 bliana d'aois agus do pháistí idir 6 – 9 bliana d'aois urraithe ag an Tina Mation Art Academy de chuid RTE. I measc na nduaiseanna bhí ciseán aonair agus duais scoile speisialta de thionscadal beochana idirghníomhach.

Bhí an tSeachtain Eolaíochta ar bun idir 9 Samhain go dtí 16 Samhain agus d'eagraigh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí go leor imeachtaí ar fud an chontae. Tugadh cuireadh do dhaltai scoile chuig Leabharlanna na Mí ar fud an chontae do go leor imeachtaí a raibh téama eolaíochta acu.

D'eagraigh Leabharlann Chill Dhéagláin taispeántas ar froganna, a scrúdaigh gnáthóga, daonra agus dáileadh na bhfroganna ar fud na hÉireann.

D'eagraigh Leabharlanna Bhaile Átha Troim, Chill Dhéagláin agus Dhún Búinne cruinneachán pláinéadlainne a chur suas sna leabharlanna inar thug léiriúcháin Space Encounters agus Oulala cuir i láthair agus scéalta do dhaltai scoile faoi spéir na hoíche.

D'eagraigh Leabharlann na hUaimhe agus Leabharlanna Bhaile Átha Troim ceardlanna eolaíochta ar fhórsaí an tsolais agus fórsaí an chúrsaí do scoileanna atá á rith ag W5. Is ceardlanna idirghníomhacha iad seo a mhúineann nithe bunúsacha eolaíochta do pháistí trí ghníomhaíochtaí spraoiúla.

4.9.11. Gníomhaíochtaí Ilchultúrtha

D'eagraigh an tseirbhís leabharlainne go leor imeachtaí ar fud an chontae chun ceiliúradh a dhéanamh ar an imeacht bhliantúil seo. Thionóil Leabharlanna na hUaimhe agus Chill Dhéagláin léiriú den scannán Francach "The diving bell and the butterfly" agus tugadh cuireadh do dhaltai meánscoile agus don phobal i gcoitinne ón dá cheantar freastal ar an imeacht.

D'eagraigh Leabharlanna Dhún Búinne, Bhaile Átha Troim, Chill Dhéagláin agus na hUaimhe seisiúin ealaíon & ceardaíochta le téama na hAfraice do pháistí scoile ar tugadh cuireadh dóibh ón gceantar áitiúil.

D'eagraigh Leabharlann Chill Dhéagláin ceardlann amhránaíochta do dhaoine fásta bunaithe ar an modh 'sing Australia' a thionóil Paul O'Brien. Eagraíodh ceardlanna scéalaíochta sna leabharlanna móra chomh maith agus tugadh cuireadh do pháistí scoile éisteacht le scéalta as áiteanna éagsúla ar fud an domhain.

5. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Cuspóir Straitéiseach

Oibriú laistigh de chreat prionsabal daonlathach, rud a éascaíonn an rannpháirtíocht is fearr ón bpobal, agus seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh ar mhaithe lenár bpobal.

Tá Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha freagrach as

- Cumarsáid / Foilseacháin / Féiniúlacht Chorparáideach
- Foirgnimh Chorparáideacha & a gComharsanachtaí
- Plean Corparáideach
- Cúram Custaiméirí
- Clár Eitice (Foireann agus Comhaltai)
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Deontais Ardoideachais
- Daonlathas Áitiúil
- Tacaíocht don bhFoireann Bainistíochta
- Riaradh Cruinnithe
- Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
- Tacaíocht do Chomhaltai
- Clár na dTogthóirí

5.1. Bainistíocht ar Ócáidí Corparáideacha

5.1.1. Bronnadh ar Iar-Chathaoirligh Chomhairle Chontae na Mí

Reáchtáladh searmanas bronnta chun comóradh a dhéanamh ar Iar-Chathaoirligh Chomhairle Chontae na Mí in Eanáir 2008. Bhí an imeacht ar siúl i Tattersalls agus bhí 78 aoi i láthair.



Recipients of presentations with Cllr. Nick Killian, Cathaoirleach Meath Co. Council, Minister Noel Dempsey, T.D. and Tom Dowling Co. Manager.

5.1.2. Cluichí Oilimpeacha Speisialta

Thionóil Comhairle Chontae na Mí imeacht an-speisialta chun comóradh a dhéanamh ar cheiliúradh 30 bliain de na Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Éirinn ag Ionad Ealaíon Solstice i mí Iúil 2008.

Bhí Special Olympics Ireland ag comóradh agus ag glacadh buíochais le gach pobal as an tacaíocht a thug siad dóibh le triocha bliain anuas faoin téama '30 Years Changing Lives'.

I measc an tslua mór a d'fhreastail bhí Comhairleoirí agus daoine mór le rá áitiúla, ionadaithe ó Special Olympics Ireland agus ón nGarda Síochána, oibríthe deonacha áitiúla, Special Olympians a gairde agus a dteaghlach.

Ba é Sean Boylan an t-aoi-chainteoir mór le rá agus i measc na gcainteoirí eile bhí An Comh. Nicholas Killian, Cathaoirleach, Tom Dowling, Bainisteoir an Chontae, Oibrí Dheonach: Camillus Perry, Special Olympian: Nuala-Ann Burns, agus Frances Kavanagh, CEO Gníomhach, Special Olympics Ireland. Is é Cór Chomhairle Chontae na Mí Meath a sholáthair an tsiamsaíocht.



Special Olympics Commemorative Event – July 200

5.2. Deontais Ardoideachais

Le linn 2008, chabhraigh Comhairle Chontae na Mí le mic léinn faoi na Scéimeanna Deontas Ardoideachais 2007/2008 agus 2008/2009.

Fuarthas iomlán de 366 iarratais nua agus 454 iarratais athnuachana don bhliain acadúil 2008/2009. Bhí luach de €3,420 ar dheontas iomlán agus bhí caiteachas foriomlán de thart ar €2.4m i gceist don bhliain acadúil 2008/2009. Is féidir forchúiteamh ar an gcaiteachas sin, lúide €14,045.55, a fháil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.


Tá catagóirí éagsúla deontais agus tá siad sin liostaithe thíos:

- Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
- Páirt-chothabháil (75%) agus Táillí Iomlána
- Páirt-chothabháil (50%) agus Táillí Iomlána
- Páirt-chothabháil (25%) agus Táillí Iomlána
- Táillí Páirt-Teagaisc amháin

Sa bhliain acadúil 2008/2009, d'íoc Comhairle Chontae na Mí an 'Deontas ar Ráta Speisialta Cothabhála Speisialta' (Deontas Breise) le nach mór 139 mic léinn.

Tá na staitisticí maidir le hiarratais a fuarthas do na trí bhliana dheireanacha mar seo a leanas:

Higher Education Grants



Tuarascáil Bhliantúil 2008
Annual Report 2008

5.3. Saoráil Faisnéise

Cinntíonn Comhairle Chontae na Mí i gcónaí go bhfuil rochtain ag aon duine a bhfuil spéis chuí acu i bhfaisnéis a fháil ar an bhfaisnéis sin de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Is iad na taifid atá curtha ar fáil de réir Shaoráil Faisnéise na taifid sin nach bhfuil teacht orthu de réir reachtaíochta malartaí agus baineann an reachtaíocht leis na taifid údaráis áitiúil ar fad a cruthaíodh i ndiaidh an 21 Deireadh Fómhair 1998.

Is iad seo a leanas staitisticí na bliana 2008 a bhaineann le hiarratais de réir Shaoráil Faisnéise.

Iarratais a Fuarthas	35
Tugtha ar aghaidh ó 2007	2
Iomlán	37
Líon iarratas ceadaithe/páirt-cheadaithe	18
Líon iarratas diúltaithe	5
Iarratais a aistríodh	2
Tarraingthe siar nó pléite lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	4
Cásanna fós á bplé ag deireadh 2006	10
Líon Athbheithnithe Inmheánacha	2
Líon achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise	0

5.4. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Thug Údarás Áitiúla na Mí isteach an plean teanga - Scéim Údaráis Áitiúla na Mí i 2006. Tá sé beartaithe go rithfidh an Scéim reathúil sin go dtí 2009.

I measc na bpríomh-bhearta atá i bhfeidhm cheana féin tá:

- Feabhsúcháin ó thaobh infhaighteacht fhoirmeacha iarratas, duillíní faisnéise agus doiciméid eile i nGaeilge.
- Méadú ar an méid faisnéise atá ar fáil go dátheangach ar Láithreán Gréasáin na nÚdarás Áitiúil
- Seoladh sonrach ríomhphoist chun plé le fiosrúcháin i nGaeilge
- Cúrsaí oiliúna don fhoireann chun feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge a labhairt, agus dá réir sin méadú ar an líon seirbhísí atá ar fáil don phobal.

5.5. Comhpháirtíocht san Áit Oibre

5.5.1. Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht

Tionscnaiodh an grúpa Athrú Suntasach a Láimhseáil trí Chomhpháirtíocht (HSCTP) in 2008 atá comhdhéanta de chomhaltaí ó Bhainistíocht Shinsearach, Ceardchumainn agus Feidhmeannaigh Lánaimseartha. Is é cuspóir an ghrúpa seo, a tháinig le chéile trí huairé i rith na bliana ná:

- Eolas a roinnt maidir leis na dúshláin atá os comhair na heagraíochta.
- Na ceisteanna tosaíochta atá an Bhainistíocht ag iarraidh a chur chun cinn a aithint.
- Na ceisteanna tosaíochta atá na Ceardchumainn ag iarraidh a chur chun cinn a aithint.
- Ábhair imní na foirne a aithint
- An bealach is fearr chun ceisteanna a láimhseáil a chomhaontú i.e. trí Chomhpháirtíocht nó Chaidrimh Tionscail.

Chomhaontaigh an grúpa na ceisteanna a thabharfar aghaidh orthu, cibé trí Chomhpháirtíocht san Áit Oibre nó an fóram CT agus chomhaontaigh sé freisin prótacal áitiúil ar eolas agus comhchomhairle leis an bhfoireann.

5.5.2. Fíorú Feidhmíochta

Tharla cuairt láithreáin an Ghrúpa FHíoraithe Feidhmíochta (GFF) in Aibreán ag Oifigí Chomhairle Chontae Mhuineacháin. Áiríodh Bainisteoir an Chontae, comhaltaí Foirne Bainistíochta, ionadaithe Ceardchumainn ó Choiste Comhpháirtíochta agus Éascaitheoir sa toiscaireacht.

5.5.3. Grúpaí Oibre Comhpháirtíochta

I rith 2008 bhí aon ghrúpa oibre comhpháirtíochta déag páirteach i dtionscnaimh éagsúla

Grúpa Ranna Lárionad Taighde Leictreonaigh (CERCH)	Athlonnú Roinne - Tuarascáil
Grúpa Iosta	Taighde ar phríomhíostaí, an tuarascáil agus moltaí a thabhairt chun críche .
Grúpa Comhionannais	Athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta atá ann cheana
Grúpa Ranna Tithíochta	Athraigh tionscadail bhainistíochta
Obair Aonair	Polasaí a fhorbairt agus taighde a dhéanamh ar chóras teagmhála éigeandála (críochnaithe)
Grúpa um Nuachtlitir	Eolas leanúnach do chomhaltaí foirne
Grúpa Ranna Pleanála	Tionscadal bainistíochta a athrú.
Cúram Custaiméara d'ardchaghdeán	Athbhreithniú ar chairt custaiméara & ar chód iompair. (críochnaithe)
Am agus Tinreamh	Polasaí Tinrimh Bainistíochta a fhorbairt
Grúpa Fleisc-Ama	Athbhreithniú ar pholasaí atá ann cheana
Grúpa Seirbhísí Uisce	Tionscadal bainistíochta a athrú.

5.5.4. Cúram foirne, aitheantas agus tionscadail imeasctha.

Gradaim Aitheantais le haghaidh Fadseirbhíse: Fuair 39 comhalta foirne gradaim le haghaidh fadseirbhíse ag ócáid i Mí Dheireadh Fómhair.

Comhaltaí foirne ar scor: Tionóladh ócáid ag tabhairt aitheantais do chomhaltaí ar scor i Mí na Samhna.



Gníomhaíochtaí Sóisialta: Thug Comhpháirtíocht san Áit Oibre tacaíocht do roinnt gníomhaíochtaí club sóisialta agus do Chór Chomhairle Chontae na Mí. Chuir an Cór siamsaíocht ar fáil ag 7 ócáid chorpordáideacha.

Leas Foirne: Thacaigh Comhpháirtíocht san Áit Oibre le gníomhaíochtaí leasa foirne ar nós tacaíocht do lucht méala agus scagthástáil sláinte.

5.5.5. Gnóthachatáil na Sóisear

I rith na bliana acadúla 2007/2008 thug seisear fostaí faoi thraenáil mar shaorálaithe gnó agus mhúin said cláir Ghnóthachtála na Sóisear do 150 daltaí i dtrí bhunscoil áitiúla. Ghlac naonúr fostaí eile páirt i gCeardlann Scileanna Agallaimh i gColáiste Pobail Dhún Seachlainn fad ag obair le 82 dalta thar chlár dhá-lá.



Saorálaithe Ghnóthachtáil na Sóisear 2008 le Bainisteoir an Chontae, Tom Dowling , Della Clancy, Clodagh Dunleavy agus Kim Doherty, Gnóthachtáil na Sóisear Éireann



6. FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHT

Cuspóir Straitéiseach

Tacú le forbairt eacnamaíochta Chontae na Mí, í a éascú agus a spreagadh.

6.1. *Forbairt Eacnamaíochta*

Cur chun cinn, seachadadh agus tacú a dhéanamh ar Fhorbairt Eacnamaíochta i gContae na Mí trí mhargaíocht, forbairt tionscadal, comhairle agus cúnamh pleanála, agus trí chomhpháirtíocht a chothú le gníomhaireachtaí eile.

Áiríodh i measc gníomhartha i 2008 na nithe seo a leanas:

- Bhíomar páirteach i mbunú Fhoireann na bPríomhthionscadal a chinntíonn go gcaitear le gach príomhthionscadal forbartha eacnamaíoch ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil de réir mar a dtéann siad chun cinn tríd an bpróiseas iarratais pleanála.
- Thugamar comhairle agus tacaíocht do chuideachtaí agus daoine aonair i dtaca le lonnú/leathnú a ngnólachtaí i gContae na Mí.
- Ghlacamar páirt i gcuairteanna cuideachtaí ag an Údarás Forbartha Tionscail.
- Déileáladh le réimse ilchineálacha glaonna i dtaca le forbairt eacnamaíochta i gContae na Mí.
- Bhíomar rannpháirteach le Gréasán Réigiún Teorann an Oirthir, Fo-Choiste Forbartha Eacnamaíochta agus Turasóireachta an Lú/na Mí
- D'fhorbraíomar branda don Aonad Nuálaíochta agus Forbartha Eacnamaíochta
- D'fhorbraíomar agus sheolamar Feachtas Margaíochta d'Fhorbairt Eacnamaíochta Chontae na Mí - "*whatever your business ...Make It Meath*". Bhí dearadh agus léiriú fheachtas clár fógraíochta agus póstaer, ábhair thaispeántais, ábhair mhargaíochta agus láithreán gréasáin athbhreithnithe san áireamh leis sin.
- Rinneamar margaíocht i dtaobh Chontae na Mí chuig cuideachtaí in Éirinn agus ag Mórthaispeántas Gnó Cary i nDeireadh Fómhair 2008.
- D'fhorbraíomar agus sheolamar Seirbhís Liostála Maoine Gnó na Mí – saoráid cuardaigh ar líne atá ar fáil do lucht gnó i gContae na Mí (www.meathbusinessproperty.ie). Agus í á forbairt i gcomhar leis an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise (TF) Pobail, tá cur chuige comhpháirtíochta le gníomhairí eastát áitiúil agus náisiúnta, forbróirí, srl, i gceist leis an tsaoráid ar líne seo chun a chinntiú go mbeidh an t-eolas cuí ar fáil don phobal a úsáidfidh an láithreán gréasáin. Fuair na gníomhairí sin a d'fhreastail ar sheisiún traenála maidir leis an tsaoráid creidiúnú forbartha gairmiúla leanúnaí don méid ama a bhí i gceist.
- Thosaíomar ar fhorbairt Eolaire Gnó na Mí i gcomhar leis an Rannóg TF.
- Chuireamar tús le forbairt an Tionscnamh Gnó Mórtais Cheantair i gcomhar leis an Rannóg Mórtais Cheantair Pobail agus Fiontair.
- Thosaíomar ar obair sealbhaithe talún agus ar bhainistiú sócmhainní.
- Tugamar isteach an tionscnamh "Adopt a Meath Company" i ranganna idirbhliana meánscoileanna i gContae na Mí.
- Thugamar urraíocht do Ghradaim Mhargaíochta na Mí thar ceann Chomhairle Chontae na Mí.
- Rinneamar cur i láthair do Chomhairle Chontae na Mí, do Choiste Polasaí Straitéiseach Pleanála & Forbartha Eacnamaíochta, do Bhord Forbartha Chontae na Mí agus do Choiste an Oireachtais ar Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht.
- Chuireamar roinnt staidéar chun cinn ina n-áirítear Staidéar Féidearthachta Uiscebhealach Chanáil na Bóinne, Staidéar ar Bhealach Eacnamaíochta an M1 agus Staidéar na nAchomhal Mótarbhealach.



Bhí an Teachta Damien English, T.D., an tUas. Tom Dowling, Bainisteoir Contae, an Comhairleoir Liz McCormack, Cathaoirleach, an tAire Mary Wallace, an Teachta Thomas Byrne, Kevin Stewart, Bainisteoir Seirbhísí, Forbairt Eacnamaíochta agus Nuálaíocht, an Teachta Shane McEntee, T.D., i láthair ag seoladh Fheachtas Margaíochta nua d'Fhorbairt Eacnamaíochta Chontae na Mí – “*whatever your business ...Make It Meath*”

6.2. Breisoideachas agus Ardoideachas

Chun foghlaim ar feadh an tsaol a chur chun cinn do shaoránaigh Chontae na Mí trí mhargaíocht, soláthar cúrsaí áitiúla, úsáid a bhaint as modhanna foghlama solúbtha agus comhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus forais eile.

6.2.1. Clár Gaeilge ar líne

D'fhorbraíomar clár Gaeilge ar líne agus chuireamar chun cinn é i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na hÉireann Mhaigh Nuad. Bhí an clár ar fáil ar dtús trí leabharlanna brainse i gContae na Mí agus é bunaithe ar shiollabas na hArdteistiméireachta. I mí Dheireadh Fómhair tugadh cearta an chlár do Chomhairle Chontae Liatroma. Bronnadh gradam riomhrialtais don tionscnamh Gaeilge is fearr do 2008 ar an gclár Gaeilge ar líne seo.



6.2.2. Tionscnamh na Mí d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil

I mí an Mheithimh 2008 bhí an bronnadh ar Theastas Mhaigh Nuad in Eacnamaíocht agus Airgeadais ar siúl don chéad rang ó Thionscnamh na Mí d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil. Thosaigh an cúrsa arís i Meán Fómhair le rang eile atá ar tí céim a bhaint amach in 2009. D'éirigh leis an oifig freisin Teastas i mBéarla d'Feidhmeanna Acadúla agus Oibre a sheoladh i gcomhar le Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus le clár oiliúna do Threoraithe Aitiúla Fáilte Ireland. Rinneamar idirchaidreamh le FÁS maidir le maoiniú ón gclár 'Céim Amháin in Airde' a fháil do Chláir Thionscnamh na Mí d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (MILL).

6.2.3. Grúpa Oibre na Mí um Bhreisoideachas agus Ardoideachas

Lean an grúpa den obair i dtreo a misin chun 'deiseanna níos mó foghlama a fhorbairt laistigh de Chontae na Mí'. Bíonn cruinniú ag an ngrúpa ceithre huair in aghaidh na bliana. Cuireadh leis an mballraíocht ionas go mbeadh Ollscoil Uladh agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir san áireamh.

6.2.4. Bunachar Sonraí Oideachais agus Oiliúna na Mí

Forbairt leanúnach agus uasghrádú ar www.metd.ie mar phointe eolais ar líne le haghaidh oiliúna agus oideachais ar fud Chontae na Mí. Chuaigh an oifig i ngleic chomh maith le ceisteanna agus/nó le tuairimí a tháinig ó shaoráid aiseolais an ghréasáin.

6.2.5. Comhtháthú Grúpa Seirbhísí

Thionólamar dhá chruinniú den Ghrúpa 'Comhtháthú Seirbhísí' a cuireadh ar bun ag an tionscadal FÁILTE chun comhoibriú agus roinnt faisnéise i measc gníomhaireachtaí a spreagadh; áirítear ar na comhaltaí Coiste Gairmoideachais na Mí, Club Jabanna na hUaimhe, Comhphairtíocht na Mí, Seirbhís Leabharlainne, Cúram Leanaí Chontae na Mí.



Certificate in Economics and Finance Graduates 2008



6.3. Forbairt Turasóireachta

Margaíocht a dhéanamh ar Chontae na Mí mar cheann scribe turasóireachta d'ardchaidheán trí Thurasóireacht na Mí chomh maith le iarracht cabhrú le agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt táirge turasóireachta.

Bhí bolscaireacht agus fógraíocht théamúil faoi Chontae na Mí ar siúl ag príomhamanna saoire i rith mhí Feabhra agus Márta i margaí na Ríochta Aontaithe, na hAlban agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh cur chun cinn margaíochta i dTuaisceart Éireann chun cuairteoirí fóillíochta a mhealladh do shaoire bainc an 12 Iúil agus d'éirigh go han-mhaith leis. I measc na bhféilte a raibh freastal orthu bhí: Féile Saoire Bhéal Feirste (32,000 cuairteoir), Seó Bhaile Mhoireil (70,000 cuairteoir), Oifig Turasóireachta i mBéal Feirste, an Craobhchomórtas Náisiúnta Treafa (220,000 cuairteoir), 'Éire Cois Farraige' san Ollainn, Reiseliv in Osló (38,000 cuairteoir), Anach Saoire na Bruiséile (99,000 cuairteoir), maraon le trí sheó iascaireachta sa Fhrainc agus sna Stáit Aontaithe.

Tionóladh lá oiliúna ICT le haghaidh comhaltai Thurasóireacht na Mí chun cabhrú le hoiliúint mhargaíochta ar líne. Cuireadh breiseanna agus uasgrádaithe le láithreán gréasáin Thurasóireacht na Mí agus sheolamar roinnt riomh-irisí chuig ár mbunachar sonraí atá ag fás chuig daoine a d'fhéadfadh a bheith ina gcuariteoirí chuig Contae na Mí. Dháileamar thart ar 40,000 bróisiúr i rith 2008 agus d'fhorbraiomar dhá thadhalscáileán nua le heolas áirithe faoi Chontae na Mí agus shúiteálar ag Brú na Bóinne agus Ionad Ealaíon an Ghrianstaid iad. Reachtálar Comórtas Grianghráfadóireachta Oidreacht na Mí i gcomhar leis an OPW a raibh méadú ar líon na n-iarratas air arís agus atá anois ag 400. Dúirt na moltóirí go raibh caighdeán na grianghráfadóireachta thar cinn agus priontáladh féilire don bhliain 2009.

6.3.1. Casaigí ar a chéile i gContae na Mí (Meet in Meath)

Chuaigh an tionscnamh 'Casaigí ar a chéile i gContae na Mí' ó neart go neart le plean iomlán curtha i gcrích i rith 2008 i gcomhar le hostáin an Chontae. Cuireadh roinnt turas cleachta is eolais ar siúl a mheall príomhchomhlachtaí corparáideacha chun cuairt a thabhairt ar rásaí na hInse agus rásaí na hUaimhe chomh maith le cuairt ar ár dtáirge óstán. D'éirigh go maith le turas cleachta is eolais agus thug 10 gcinn de na hoibritheoirí turais is mó in Éirinn cuairt ar an gContae thar dhá lá. Ba é toradh na dturas sin go léir ná gnó nua don Chontae. Rinneadh athchóiriú agus nuachóiriú ar láithreán gréasáin meetinmeath.com. Cuireadh feidhm nua 'meetingsbooker' leis le go bhféadfaí meastacháin láithreacha ar líne do sheomraí cruinnithe a ghiniúint.

6.3.2. Forbairt Baile

Cosáin Bhailte: D'oibrigh Turasóireacht na Mí agus Comhairle Chontae na Mí as lámh a chéile ag forbairt cosán do Bhaile na hUaimhe agus tá dul chun cinn mór déanta air sin. Cuireadh iarratas ar éirigh leis faoi bhráid Fáilte Éireann le Comhairle Bhaile Átha Throim i gcomhair maoinithe do Chosán Baile Stairiúil i mBaile Átha Troim. Rinneadh tuilleadh iarratas tríd an tionscnamh seo.

6.3.3. Líonrú

Mheall Comhairle Chontae na Mí agus Turasóireacht na Mí os cionn 100 soláthróir turasóireachta chuig an gComhdháil 'Ar Aghaidh agus In Airde' a tionóladh i Mí na Bealtaine agus a d'oscail an Comhairleoir Nick Killian. I measc na gcainteoirí bhí Paul Mac Quillan, Stiúrthóir Bainistíochta, Cusack Hotel Group, Peter Malone, Cathaoirleach an Údarais um Bóithre Náisiúnta, Kevin Stewart, Stiúrthóir Fhorbairt Eacnamaíochta agus Nuálaíochta, Rachel Doyle, Stiúrthóir Bainistíochta Ionad Stíl Mhaireachtála Arboretum agus John Quinlivan, Bainisteoir Turasóireachta, Forbairt na Sionna. Eagraíodh turais turas cleachta is eolais arís i rith na bliana ag tabhairt deis le haghaidh líonraithe idir na ceirdeanna. Eagraíodh dhá cheann de na turais sin i gcomhar le Réigiún Teorann an Oirthir a chlúdaigh na príomhchontaetha a bhfuil baint acu le Réigiún Teorann an Oirthir.



6.3.4. Gradaim Mhargaíochta na Mí

Seoladh céad Gradaim Margaíochta na Mí go luath i 2008 agus mheall sin spéis shuntasach ó lucht na turasoíreachta i gCo. na Mí. D'aontaigh na moltóirí ar ghearrliosta agus b'iadsan a chuaigh ar aghaidh chuig Bronnadh na nGradam a tionóladh an 6ú Samhain in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Troim. Ba í an Cathaoirleach, an Comhairleoir Liz McCormack agus Cathaoirleach Thurasóireacht na Mí, an Comhairleoir John V. Farrelly a d'oscail clár na hoíche. Ba í Sharon Ní Bheoláin, láithreoir nuachta le RTÉ agus Bean a' Tí a d'fhógair na buaiteoirí. D'éirigh go han-mhaith leis an ócáid agus ba léiriú é ar na táirgí turasoíreachta den scoth atá ar fáil ar fud an chontae.

6.3.5. Réigiún Teorann an Oirthir

D'oibrigh Comhairle Chontae na Mí in éineacht le Réigiún Teorann an Oirthir le Plean Ilbhliantúil a fhorbairt a chuirfidh maoiniú ar fáil don Chontae in 2009. D'oibrigh Comhairleoirí ionadaíocha Bhord Réigiún Teorann an Oirthir chomh maith le Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta Bhord Réigiún an Oirthir chun pleananna a fhorbairt i dtreo Interreg IVa.

Via Réigiún Teorann an Oirthir, bhí an deis againn baint a bheith againn le móthionscadal Margaíochta na Breataine a raibh rochtain ar chiste €500,000 aige. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal ná tairscintí speisialta a chuir trádáil na Mí isteach a chur chun cinn le mórfheachtas margaíochta arna reachtáil ar theilifís, ar raidió agus sa phreas ina raibh íomhánna cumhachtacha de Bhrú na Bóinne faoin téama 'Stair na hÉireann'.

6.3.6. Plean Forbartha Náisiúnta/Tionscadal Siúil a Mhaoiniú

Críochnaíodh an Tionscadal siúil don Mhí agus tá 3 shiúlóid slímharcáilte i gCo. na Mí anois. Is iad na 3 shiúlóid sin ná: Siúlóid Oidhreachta Chaisleán Bhaile Átha Troim, Bealach Siúil Rampar na hUaimhe agus Éic-shiúl Phortach an Ghreallaigh i gCeannanas a fuair maoiniú ó Fáilte Ireland agus maoiniú don mhéid chéanna ó Chomhairle Chontae na Mí.



7. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

Cuspóir Straitéiseach

Comhshaoil glan, sábháilte agus sláintiúil Chontae na Mí a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú do ghlúine na linne seo agus do ghlúine atá le teacht.

Príomhghníomhaíochtaí

- Plean Bainistíochta Dramhaíola a chur i bhfeidhm do Réigiún an Oirthuaiscirt.
- Dramhaíl a bhainistiú ar bhealach lánpháirtithe agus inbhuanaithe de réir an chleachtais is fearr.
- Plean Forfheidhmithe Comhshaoil na Comhairle a chur i bhfeidhm.
- Raon leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm le srian a chur ar thruailliú bruscair agus é a laghdú.
- Caighdeán uisce a fheabhsú ag teacht le riachtanais an Chreat-Treoir Uisce.
- Tionchar na forbartha ar uisce glactha a íoslaghdú trí chóras monatóireachta cuimsitheach a chur i bhfeidhm, agus bagairtí truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus deireadh a chur leo.
- Feasacht chomhshaoil a ardú agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe a spreagadh.
- Acmhainní a sholáthar le haghaidh feasacht chomhshaoil leanúnach agus feachtais ghnímh, dírithe ar gach cuid den phobal.
- Comhlíonadh chaighdeáin comhshaoil a chinntiú.

7.1. *Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Oirthuaiscirt 2005-2010*

Tá dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an phlean thuas ag leanúint ar aghaidh go mear. Is í cuspóir an phlean an bhainistíocht comhshaoil is fearr ar dhramhaíl a ghintear i Réigiún an Oirthuaiscirt a bhaint amach. Braitheann sé sin ar líon áirithe beartas sonracha mar seo a leanas:

- Feasacht phoiblí agus Oideachas
- Cosc agus Íoslaghdú
- Bailiú Dramhaíola agus Muirearú
- Aisghabháil agus Athchúrsáil Dramhaíola
- Cóireáil Dramhaíola/Diúscairt Deiridh
- Sruthanna Tosaíochta Dramhaíola
- Gníomhaíochtaí Neamhúdaráithe Dramhaíola
- Beartas i dtaobh Comhbhainistiú agus Soláthar

7.2. *Gearáin Dramhaíola agus Forfheidhmíú*

Ceadanna Bainistíochta dramhaíola eisithe i 2008 agus Teastais Chláráithe

Tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm i Meitheamh 2008, eadhon Rialúcháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Saoráidí agus Clárú) 2007 arna leasú ag na Rialúcháin um Bainistiú dramhaíola (Cead Saoráidí agus Clárú) (Leasú) 2008. Tugadh isteach Teastais Chláráithe mar toradh ar an reachtaíocht nua sin.

Feidhmíonn Comhairle Chontae na Mí mar an t-údarás ainmnithe do Réigiún an Oirthuaiscirt chun ceadanna bailithe dramhaíola a phróiseáil. Faoi láthair tá 454 cead bailithe neamhghníomhacha i Réigiún an Oirthuaiscirt. Faoi rialúcháin leasaithe, féadfaidh bailitheoirí dramhaíola iarratas a dhéanamh ar chead ilréigiúnach chuig údarás ainmnithe.

Seo a leanas staitisticí ar an méid sin do Réigiún an Oirthuaiscirt:

<i>Ceadanna Bainistíochta Dramhaíola</i>	<i>Teastais Chláráithe</i>
Iarratais a fuarthas = 44	Iarratais a fuarthas = 2
Ceadaithe = 30	Ceadaithe = 0
Diúltaithe = 7	Diúltaithe = 0
Tarraingthe siar = 2	Tarraingthe siar = 0
Iomlán = 0	Iomlán = 1
Neamhiomlán = 1	Neamhiomlán = 0
Á bhreithniú = 4	Á bhreithniú = 1



Ceardanna Bhailiúcháin Dramhaíola eisithe i 2008

Tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm i Meitheamh 2008, eadhon Rialúcháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) 2007 arna leasú ag na Rialúcháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe) (Leasú) 2008. Ba é Cead Bailithe Dramhaíola Ilrégiúnach a bheith tugtha isteach toradh na reachtaíochta nua seo.

Tá 112 saoráid ceadaithe i gContae na Mí faoi láthair faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. In 2008, rinneadh 190 iniúchadh.

Seo a leanas staitisticí ar an méid sin do Réigiún an Oirthuaiscirt:

Iarratais a fuarthas	7
Tarraingthe siar	0
Diúltaithe	0
Cúlghairthe	19
Líon iomlán ceadaithe	33
Á bhreithniú	4
Athbhreithnithe i rith na bliana	11

7.3. Truailiú Bruscair

In 2008 lean an Chomhairle ar aghaidh lena feachtas dian chun dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach atá ag tarlú go forleathan.

Seo a leanas briseadh síos ar na bearta forfheidhmiúcháin a glacadh i rith 2008:

Líon tuairiscí iniúchta =	1473
Fineálacha ar an láthair eisithe =	483
Fineálacha ar an láthair íoctha =	253
Líon iomlán ciontaithe le linn 2008 =	13
Scríosta amach =	7

Tá infheistíocht déanta ag an gComhairle i líon áirithe córas TCI (Teilifís Ciorcaid Iata) faoi cheilt agus le feiceáil chun gníomhú in aghaidh dumpála neamhdhleathaigh. Gearrfar fineáil ar gach ciontóir a bheidh aitheanta. Beidh ionchúisimh mar thoradh ar neamh-íocaíocht fineálacha bruscair.

7.4. Láithreacha Áiseanna Cathartha na Mí – Baile Átha Troim, An Uaimh agus Ceanannas

Nithe ar féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu:

- Ceallraí (luaidhe-aigéadach do charranna agus tí)
- Leabhair
- Cairtchlár & pacáistiú cairtchlár
- Éadaí, teicstílí (Glan) agus coisbheart
- Canaí do dheochanna agus do bhia
- Earraí leictreacha m.sh. Teilifíseáin, ríomhairí agus seinnteoirí físe
- Feadáin, lampaí agus bolgáin solais fluaraiseacha
- Dramhaíl ó gharraí – gearrtháin féir/fáil etc (ní cheadaítear ithir)
- Buidéil gloine (prócaí)
- Sorcóirí gáis tí (Calor/FloGas)
- Páipéar Measctha (dramhphost & clúdaigh litreach)
- Gutháin Phóca/Gutháin
- Páipéir nuachta/irisleabhair
- Eolairí teileafóin
- Buidéil phlaisteacha



- Málaí Plaisteacha (Glan & Folamh)
- Dramh-mhiotal
- Cartáin Tetra-Pak
- Adhmad (neamhchóireáilte amháin)
- Olaí dramhaiola (cócaireachta/gluaisteán)
- Earraí bána (cuisneoirí/ reoiteoirí/ cócaireáin/ innill níocháin/ miasniteoirí/ folúsghlantóirí/ oighinn mhicreathonnach/ citil/ tóstaeir)
- Péint ag gach ceann de na 3 saoráid
- Polaistiréin i saoráid Cheanannais amháin

7.5. Uisce

7.5.1. Creat-Treoir Uisce an AE

Tá an Creat-Treoir Uisce ag dul isteach sa chéim “clár bearta” anois agus dá réir sin foilsíodh Dréachtphleananna Bainistíochta Abhantraí amháin an 22 Nollaig 2008.

Tá 3 Phlean Bainistíochta Abhantraí a bhaineann le ceantar feidhme na Mí eadhon Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirthir, na Sionainne agus Abhantraí Eathach Banna ann.

Aithníonn na Pleananna na saincheisteanna bainistíochta uisce suntasacha atá laistigh de gach dobarcheantar ar leith agus leagann siad amach réitigh molta ar na saincheisteanna sin i bhfoirm bearta molta. Is é cuspóir an phlean gach uisce eadhon abhainn, loch, screamhuisce, uisce idirchriosach agus cósta a thabhairt go dtí “stádas maith”, i.e., gan truailliú faoi 2015.

Aithníonn an Chomhairle roinnt dobarcheantar cheana féin a chreidtear nach mbeifear in ann na caighdeáin cáilíochta uisce a bhaint amach iontu faoi 2015. Tá sé beartaithe ag an gComhairle go n-iarrfar na frámaí ama/maoluithe do na dobarcheantair seo a leathnú.

Glacfar leis na Pleananna Bainistíochta Abhantraí in 2009 i ndiaidh comhchomhairle phoiblí.

7.5.2. Monatóireacht Abhann

Tá 108 láithreán monatóireachta Chreat-Treoir Uisce (WFD) ainmnithe agus bailíodh 598 sampla abhann agus rinneadh tástáil orthu le linn 2008 mar thoradh air sin. Ina theannta sin tá 15 láithreán samplála bradánaigh ainmnithe a bhfuarthas samplaí uathu 12 uair (180 sampla). Tá an clár monatóireachta abhann freagrach as na háiteanna ina ndéantar suirbhéanna imscrúdaitheacha, lena n-áirítear suirbhéanna feirme, lena chinntiú go bhfuil Comhairle Chontae na Mí ag baint an leasa is mó as acmhainní agus is léir go bhfuil sé an-éifeachtach.

In 2008 bhailigh Comhairle Chontae na Mí 523 sampla monatóireachta imscrúdaitheach. Rinne Aonad Monatóireachta Soghluaiste Cheantar Abhantraí an Oirthir an chuid is mó den sampláil. Rinneadh an chuid is mó den mhonatóireacht imscrúdaitheach i ndobarcheantair faoi dhroch-chaighdeáin uisce, eadhon, an Ainí Uachtarach, Sruthán an Ridire, an Maigh Muirí, an Dealbhna, Tigh na Síóg agus an Barda. Cuireadh béim ar na torthaí uile i roinnt tuarascálacha agus tá siad á leanúint ag pearsanra forfheidhmithe uisce.

7.5.3. Uisce Folctha

Déanann Comhairle Chontae na Mí sampláil ar dhá cheantar uisce snámha eadhon Baile an Bhiataigh agus Baile Uí Mhornáin. Is ceantar uisce snámha ainmnithe é Baile an Bhiataigh agus in 2008 bhain an ceantar stádas cáilíochta uisce “na brataí goirme” amach. Ba mhór an éacht é seo nuair a smaoinítear ar an titim báistí troime a taifeadh in 2008. Fuarthas amach go raibh ardchaighdeán ar cháilíocht an uisce i mBaile Uí Mhornáin agus chuir Comhairle Chontae na Mí isteach ar Dhámhachtain an Chósta Ghlais ina dhiadh sin. Seachadafar torthaí an iarratais seo go luath in 2009.

7.5.4. Fuíolluisce Uirbeach

Rinne Comhairle Chontae na Mí 311 iniúchadh ar Ionaid Chóireála Fuíolluisce Cathrach (MWWTPanna) in 2008. Rinneadh sampláil ar gach MWWTP de réir na rialúchán fuíolluisce uirbeach agus cuireadh na torthaí faoi bhráid na Roinne i bhfoirm tuairisceán bliantúil. De réir mholtaí Iniúchadh Fuíolluisce de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) roimhe seo, tugann an rannóg comhshaoil tuarascáil de na torthaí faoi neamhchomhlíonadh chuig na hoifigí ceantair. Déanann an oifig ceantair socruithe do ghníomh ceartúcháin.



Ceadúnais Dóirte Eisilteacha Trádála 2008:

Alt 4

Iarratais a fuarthas = 11
Ceadaithe = 1
Diúltaithe = 1
Neamhbhailí = 2
Á bhreithniú = 7

Alt 16

Iarratais a fuarthas = 4
Ceadaithe = 2
Á bhreithniú = 2

7.5.5. Suirbhéanna Feirme

Rinne Comhairle Chontae na Mí 266 iniúchadh feirme in 2008. Rinneadh iniúchtaí feirme áit a ceapadh go raibh baol suntasach ann go gcruthóidís truailliú uiscí. Déantar gach iniúchadh feirme a thaifead ar fhoirm tuairisc iniúchtaí feirme agus déantar iad a léarscáiliú le haghaidh ath-iniúchtaí.

Fuarthas go raibh thart ar 79 as an 266 feirm a ndearnadh iniúchadh orthu i mbaol truailliú uisce a chruthú nó bhí siad ag cruthú truailliú uisce cheana féin. Leanfaidh Comhairle Chontae na Mí gach feirm a bhfuil baol suntasach ag baint leo agus d'fhéadfadh go molfadh siad bearta le fáil réidh leis an mbaol truaillithe nuair is gá.

7.5.6. Forfheidhmiú

In 2008 sheirbheáil Comhairle Chontae na Mí 38 fógra truailliú uisce Alt 12. Bhain 15 de na fógraí a seirbheáladh le truailliú ón talmhaíocht, bhain 10 fógra a seirbheáladh le humair mhúnlaigh, bhain 4 fógra a seirbheáladh le doirteadh ola agus bhain 9 fógra le humair mhúnlaigh. Is é aidhm Chomhairle Chontae na Mí go dtabharfar gach fógra 2008 chun críche faoi dheireadh 2009. Éisteadh le 8 ionchúiseamh rathúla de chuid Comhairle Chontae na Mí in 2008.

7.6. Rialú Madraí

De réir an Achta um Rialaithe Madraí, 1986 agus 1992 ní mór do gach madra agus gach conchró do mhadraí cosanta a bheith ceadúnaithe, seachas na cinn a úsáideann na Gardaí, na Fórsaí Cosanta agus an tSeirbhís Custaim agus Máil. De réir Alt 2 den Acht is cion é do dhuine madra a choimeád mura bhfuil ceadúnas aige/aici don mhadra sin nó ceadúnas ginearálta a chlúdaíonn aon líon madraí ag áitreabh sonraithe.

I mí na Nollag 2007 osclaíodh póna nua go hoifigiúil ag Ráth na Maighdean, Baile Shláine. Is féidir mionsonraí a fheiceáil ag: <http://www.meath.ie/LocalAuthorities/Environment/DogPound-Meath/>

Ní mór go mbeadh ceadúnas ag gach úinéir dá m(h)adra. Is féidir Ceadúnais Mhadraí a cheannach ag Oifig an Phoist áitiúil. Is cóir go mbeadh ceadúnas ginearálta ag duine a bhfuil 10 madra nó níos mó aige/aici agus is féidir é sin a cheannach ó Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath. Ní mór srian ceart a choinneáil ar gach madra i gconaí.

- Líon ceadúnas eisithe: 8125
- Líon ceadúnas ginearálta: 18 (10 madra nó níos mó)
- Líon fineálacha eisithe: 318

7.7. WEEE (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach)

Tháinig na rialúcháin a rialaíonn an méid thuas i bhfeidhm i Lúnasa 2005. Rinne na rialúcháin seo a leasú ag na Rialúcháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) (Leasú) 2008 ina ndiaidh. Dearnadh na rialúcháin chun aisghabháil dramhthrealaimh leictreach agus leictreonaigh a spreagadh agus chun baillí, cóireáil, aisghabháil agus diúscairt dramhthrealaimh leictreach agus leictreonaigh ar bhealach nach ndéanann díobháil don chomhshaol a éascú. Baineann na rialúcháin le fearais tí idir mhór agus bheag. Tá rochtain saor in aisce acusan atá ceadúnaithe ag Comhairle Chontae na Mí ar na hIonaid Fóntais Phoiblí le haghaidh diúscairt táirgí DTLL laistigh den chontae, ach socruithe dá réir a dhéanamh roimh ré.



7.7.1. Ceallraí agus Taisc-Cheallraí

Tháinig Rialacháin um Bainistiú Dramháiola (Ceallraí agus Taisc-Cheallraí) (S.I. Uimh. 268 de 2008) arna leasú i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2008. Soláthraíonn na rialúcháin seo tabhairt ar ais saor in aisce na ndramhcheallraí agus taisc-cheallraí, a dtugtar ceallraí in-athluchtaithe orthu, i suíomhanna ainmnithe agus ar an láthair. Ón 26 Meán Fómhair 2008:

- Beidh an pobal i dteideal dramhcheallraí a fhágáil in ionaid mhiondíola.
- Ní bheidh dualgas ar mhiondioltóirí aon cheallra a thógáil ar ais ach amháin ceallraí ar chineál a sholáthraíonn siad, mar shampla, ní bheidh ar mhiondioltóirí ceallra cairr a thógáil ar ais mura ndíolann siad ach ceallraí atá oiriúnach le haghaidh soilseáin nó cianrialtáin.
- Níl dualgas ar an bpobal aon rud a cheannach nuair atá siad ag fágáil dramhcheallraí in ionad miondíola.
- Is féidir leis an bpobal dramhcheallraí soghluaiste agus dramhcheallraí cairr ó fheithiclí cláraithe go príobháideach a fhágáil saor in aisce i saoráidí fóntais poiblí an údaráis áitiúil.

Clúdaíonn iarratas cláraithe amháin na Rialúcháin DTLL agus na Rialúcháin Cheallraí agus Taisc-Cheallraí araon agus beidh athnuachan na gclárúithe de réir Rialúchán a fheidhmitear an 31 Eanáir gach bliain nó roimhe.

7.7.2. Feithiclí a bhfuil a Ré Caite: Rialacháin 2006 – I.R. Uimh. 282 de 2006

Tháinig na rialacháin sin i bhfeidhm an 8 Meitheamh 2006. Tá sé mar chuspóir ag na rialacháin diúscairt feithiclí a bhfuil a ré caite, a ndéantar sainmhíniú orthu sna rialacháin, a rialú. Beidh táirgeoirí feithiclí freagrach as a chinntiú go mbeidh Saoráidí Cóireála Údaraithe (SCÚ) chun feithiclí a bhfuil a ré caite a ndiúscairt ag feidhmiú.

Le figiúirí daonra Chontae na Mí mar atá siad, tá dualgas ar gach táirgeoir dhá Shaoráid Cóireála Údaraithe a liostáil ar a bhfoirmeacha iarratais agus ina bPleananna Feidhmiúcháin trí bliana chomh maith. Tá ceithre Shaoráid Cóireála Údaraithe i gContae na Mí i láthair na huaire. De réir na rialachán sainmhíntear táirgeoirí go bunúsach mar iompórtálaithe feithiclí. Is é an ról a bheidh ag an gComhairle na rialacháin a bhaineann le Saoráid Cóireála Údaraithe a chur i bhfeidhm agus chomh maith leis sin lena chinntiú go bhfuil a ndualgais á gcomhlíonadh ag na táirgeoirí maidir leis na rialacháin. Is é €15 milliún an t-uasmhéid pionóis ar shárúithe na rialachán. Tá ceanglas athnuachana bliantúil ann roimh 31 Eanáir gach bliain de réir na rialachán thuas ina bhfuil an táille athnuachana bunaithe ar láimhdeachas an táirgeoir/na dtáirgeoirí.

Conraitheoirí Ainmnithe:

- B.S Parts/Páirteanna B.S, Na Buailte, Damhliag, Co. na Mí
- Oristown Auto Recyclers/Athchúrsálaí Carranna Bhaile Órthaí, Baile Órthaí, Ceanannas, Contae na Mí
- T.D. Caldwell & Sons Ltd., Rath Naomhóg, Crosa Caoil, Ceanannas, Co. na Mí
- Maynooth Car Dismantlers/Díchóimeálaí Cairr Mhaigh Nuad, Cill Éinne, Maigh Nuad, Contae na Mí

7.8. Rialacháin Phacáistíochta, 2007 – I.R. Uimh. 798 de 2007

De réir na Rialachán um Bainistiú Dramháiola (Pacáistíú), 2007, tá oibligeáidí tábhachtacha ar tháirgeoirí d'athshlánú dramháiol pacáistíochta. Tá na Rialacháin seo deartha chun cabhrú agus spreagadh a thabhairt d'athchúrsáil dramhphacáistíocht d'fhonn na spricanna a leagadh síos i dTreoir an AE 94/62/EC maidir le pacáistíú agus le dramhphacáistíocht a bhaint amach.

7.9. Láithreáin Líonta Talún Stairiúla

Thiomsaigh Comhairle Contae na Mí, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an Roinn Comhshaoil, Oidreachta agus Rialtais Áitiúil, clár Láithreán Líonta Stairiúil, idir láithreáin na Comhairle Contae agus láithreáin i seilbh príobháideach, mar a éillítear de réir Ailt 22 (dramhail neamhghuaiseach) agus Alt 26 (dramhail ghuaiseach) den Acht um Bainistiú Dramháiola.

Tá na Láithreáin Líonta Talún Stairiúla roinnte idir Suíomhanna á n-oibriú go Príobháideach agus Suíomhanna á n-oibriú ag an Údarás Áitiúil. Tá 53 suíomh ann faoi láthair idir an dá chatagóir atá foroinnte i gcatagóirí riosca de réir na gcritéar measúnaithe riosca atá leagtha amach ag an nGníomhaireacht um



Chomhnú Comhshaoil (EPA) ina cód cleachtais. Tá measúnú i dtaca le teideal suíomh, cleachtadh measúnaithe riosca deisce chomh maith le cuairt chuimsitheach ar an suíomh arna ndéanamh ar gach ceann de na suíomhanna seo. Beidh an cinneadh cibé an mbeidh inniúchtaí breise dlite ar aon cheann de na suíomhanna sin tógtha ar bhonn cás ar chás.

7.10. *Boinn agus Dramh-bhoinn : Rialacháin 2007 (I.R. Uimh. 664 de 2007):*

Tá na Rialacháin seo deartha le slánbhainistíocht dramh-bhoinn a rachaidh chun tairbhe an chomhshaoil a threisiú. Eascaíonn siad bainistíocht trí chreat rialála a chur ar fáil a chuidíonn le comparáid a dhéanamh idir méid na ndramh-bhoinn atá ag teacht chun cinn leis na méid curtha ar an margadh agus trí ghluaiseacht na ndramh-bhoinn a rianú ón am go mbíonn siad caite de láimh go mbíonn athúsáideadh nó athchúrsáil déanta orthu agus/nó athshlánú.

Forchuireann na rialacháin seo ceanglais ar dhaoine a sholáthraíonn boinn do mhargadh na hÉireann, cibé déantóirí, mórdhioltóirí, soláthróirí, trádálaithe, nó/agus ar bhailitheoirí dramh-bhoinn iad. Tá díolúine ó na ceanglais seo ar fáil do dhaoine a ghlacann páirt i scéim chomhlíonta chomhchoiteann, An Scéim Comhlíonta i ndáil le Gníomhaíocht Aisghabhála Bonn (TRACS), á bhfeidhmiú ag comhlacht údaraithe. Forchuireann na rialacháin freisin ceanglais ar fheirmeoirí a stóráilann dramh-bhoinn le haghaidh sadhlas a chlúdú. Tá díolúine óna ceanglais sin ann d'fheirmeoirí a ghlacann le dramh-bhoinn ó bhailitheoir dramhaíola údaraithe atá rannpháirteach i scéim chomhlíonta chomhchoiteann á oibriú ag comhlacht ceadaithe.

Deirtear gurbh féin-chomhlíontóirí iad táirgeoirí, soláthróirí agus bailitheoirí dramhaíola údaraithe a shocraíonn gan páirt a ghlacadh i scéim chomhlíonta chomhchoiteann á oibriú ag comhlacht ceadaithe agus go bhfuil ceanglas orthu clárú ar an mbonn sin leis an Údarás Áitiúil.

7.11. *Rialacháin ar Tobhach Líonadh Talún - I.R. Uimh. 199 de 2008*

Déanann an tOrdú um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonadh Talún) 2008 leasú ar alt 73(3) den Acht um Bainistiú Dramhaíola a cheadaíonn don tobhach líonadh talún dul i méid ó €15 an tonna go €20 an tonna do gach tonna dramhaíola diúscairthe ag saoráid líonadh talún údaraithe. Fanfaidh ráta an tobhaigh talún mar a bhí ag €20 in aghaidh an tonna do gach tonna dramhaíola diúscairthe ag saoráidí líonadh talún neamhúdaraithe.

7.12. *Rialacháin ar Thuaslagóirí*

De réir na n-astaíochtaí comhdhúil orgánach so-ghalaithe as Rialacháin Thuaslagóirí Orgánacha, 2002 (I.R. Uimh. 543 de 2002), tá ceanglais ar na hÚdarás Áitiúla a chinntiú go bhfuil gach úsáideoir tuaslagóra ag cloí leis na rialacháin (a bhfuil thart ar 11 gníomhaíocht ann, mar shampla: tirimglanadh, déantúsaíocht chruach, tuile adhmaid, cumhdach corna, srl.). Deir na rialacháin go gcaithfidh gach oibreoir rialaithe tuaslagóra a bheith ag comhlíonadh na rialachán roimh 31 Deireadh Fómhair 2007.

I ndáil leis sin thug an Chomhairle faoi 33 iniúchadh ar láithreáin úsáideoirí tuaslagóirí i 2008 agus dheimhnikh go raibh 12 oibreoir (arbh tirim ghlantóirí go léir iad) atá ag cloí leis na rialacháin.

7.13. *Treoir Péinteanna Maisiúla*

Cuireann an teorainn le hastaíochtaí comhdhúil orgánach so-ghalaithe (VOCanna) de bharr úsáid tuaslagóirí orgánacha i bpéinteanna, vearnaisí agus i dtáirgí athbhailchríochnaithe feithicle áirithe in 2007 (I.R. Uimh. 199 de 2007), ar a dtugtar Rialacháin Phéinteanna Maisiúla freisin, teorainn leis an méid iomlán comhdhúil orgánach so-ghalaithe (VOCanna) i bpéinteanna agus vearnaisí agus táirgí athbhailchríochnaithe feithicle áirithe, chun truailliú aeir a chosc nó a laghdú i ngeall ar ranniocaíocht comhdhúil orgánach so-ghalaithe le cruthú an ózón trópaisféir.

Is iad na hÚdarás Áitiúla na comhlachtaí inniúla chun na Rialacháin a fhorghníomhú. Tugann sé seo le tuiscint go ndéanfaidh na hÚdarás Áitiúla na n-iniúchtaí riachtanacha ar tháirgí i stoc a bhíonn i stórais tháirgeoirí, mhórdhioltóirí agus mhiondioltóirí ina limistéir feidhme. B'fhéidir go mbeidh gá le roinnt samplú agus anailísíú táirge a dhéanamh chun comhlíonadh táirge a dheimhniú. Tá dualgas ar an Údarás Áitiúil freisin clár táirgeoirí, mórdhioltóirí agus miondioltóirí móra de na hábhair maisiúla ina limistéir a chur ar bun agus a choimeád.

Amhail ar an agus ón 1 Márta 2008 is cion é do shuiteáil ath-bhailchríochnaithe feithicle a bheith ag feidhmiú gan dearbhú ceadaithe arna éisiúnt ag Comhairle Contae na Mí.



Ina thaobh sin rinne an Chomhairle 35 iniúchadh ar láithreáin úsáideoirí comhdhúl orgánach soghlaithe (VOC) a d'fhéadfadh a bheith ann .
I láthair na huairé tá 18 úsáideoir atá deimhnithe ag an gComhairle a bhaineann úsáid as comhdhúile orgánacha so-ghalaithe (VOCanna).

7.14. Aer

7.14.1. Iniúchtaí Cairéal

Rinne Comhairle Chontae na Mí 310 iniúchadh ar láithreáin chairéal i 2008. Ba é an Rannóg Pleanála a rinne formhór na n-iniúchtaí sin agus a rinne neamhchomhliontaí a thras-thuairisciú chuig an Rannóg Comhshaoil i dtaobh ceadúnaithe/forfheidhmithe.

7.14.2. Aer-cheadúnú

Tá 10 sealbhóir ceadúnais astúcháin i gContae na Mí faoi láthair. Dheonaigh Comhairle Chontae na Mí ceadúnas aeir amháin nua agus rinne siad athnuachan ar cheadúnas a bhí ann cheana. Thug Comhairle Contae na Mí faoi 8 iniúchóireacht i dtaca le ceadúnuithe astuithe aeir.

7.14.3. Gearáin

Fuair an Chomhairle 117 gearán a bhain le haer i 2008 agus rinneadh 102 díobh a fhiosrú. Bhain tromlach na ngearán le dó dramhaiola baile ar chúl an tí.

7.15. Torann

Fuair an Chomhairle 19 gearán a bhain le torann i 2008. Tá méid na ngearán torainn ag ardú go mór. Rinne an Chomhairle 17 iniúchadh a bhain le torann i 2008.

7.16. Cosaint Shibhialta

Is eagrais daonchairdiúil é Cosaint Shibhialta atá bunaithe ar shaorálaithe atá tiomanta chun fulaingt in am géarchéime a mhaolú. Tá Cosaint Shibhialta riartha ag an Údarás Áitiúil ar son an Rialtais agus le cabhair deontais suas go 70% a mbíonn tugtha ag an mBord Cosanta Sibhialta dóibh. Cuireann saorálaithe cúlta ar fáil freisin do na seirbhísí éigeandála chomh maith le ról tacaíochta pobail ag ócáidí áitiúla agus náisiúnta.

Oibríonn Cosaint Shibhialta ocht n-aonad traenála atá ionadbhunaithe ar fud an chontae. Tá breis is céad caoga comhalta saorálaithe ann faoi láthair atá páirteach i dtraenáil agus ag cur seirbhís pobail ar fáil ag na hionaid seo a leanas atá lonnaithe ag Cill Dhéagláin, Damhliag, Dún Bóinne, Dún Seachlainn, Ceanannas, An Uaimh, An Seanchaisleán agus Baile Átha Troim.

Tá Cosaint Shibhialta creidiúnaithe ag an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (PHECC) agus ag an nGníomhaire Measúnaithe Garchabhrach ag Obair (OFAAA) a dhéanann maoirseacht ar na caighdeáin a bhaineann le hoiliúint garchabhrach agus cúram réamh-ospidéal do dhaoine gortaithe. Tá Cosaint Shibhialta i mbun an phróisis creidiúnú a bhaint amach ón gComhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) dá gclár oiliúna freisin.

Bhí saorálaithe páirteach go gníomhach a gcáilíochtaí garchabracha a uasghrádú i rith na bliana chomh maith le cláir thraenála eile a leanúint i gcumarsáid, tarrtháil, leas agus scileanna comhraicthe dóiteáin . Ghlac foireann seisir saorálaithe páirt san Fhreachnamh Náisiúnta a bhí ar siúl i gContae Liatroma san Aibreán a bhí bunaithe ar an gCreat do Mhóréigeandálaí nua.

Chuir an Bord Cosanta Sibhialta Náisiúnta mionbhus nua ocht suíochán déag ar fáil do Chosaint Shibhialta na Mí i Samhain in áit seanfheithicil neamhfhoínteach a bheidh ina chabhair mhór don eagrais áitiúil. I rith na bliana bhí an tríú otharcharr éigeandála faighte ag Cosaint Shibhialta chun cabhrú le hacmhainní breise don líon méadaithe iarratas le haghaidh clúdach otharchairr ag ócáidí a sholáthar. Beidh otharcharr amháin lonnaithe i nDún Seachlainn agus ceann ar an Seanchaisleán chun freastal ar thuaisceart agus ar dheisceart an Chontae maraon mar chuid den fhorbairt sin.



7.17. Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin

Tá Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chomhairle Contae na Mí freagrach as an tseirbhís éigeandála agus dóiteáin a sholáthar do Chontae riaracháin na Mí, ina n-áirítear na trí chomhairle baile. Tá sé stáisiún eile suite ar fud an chontae: Cill Dhéagláin Dún Seachlainn, Ceanannas, An Obair, An Seanchaisleán, agus Baile Átha Troim. Cuireann Seirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí freagairt céad líne ar fáil do gach cineál práinne ar fud Chontae na Mí ina n-áirítear dóiteáin, timpistí tráchta bóthair, tuilte, tarrthálacha abhann agus teagmhais cheimiceán ghuaiseacha.

Leanadh le traenáil oibríochtaí Seirbhíse Dóiteáin sa tSeirbhís Tarrthála agus Dóiteáin Chomhairle Chontae na Mí i rith 2008. Tugadh isteach traenáil ar an gCóras Ceannasíoch Náisiúnta Teagmhais chomh maith le hollíúint iompraíochta dóiteáin le haghaidh gach comhraiceoir dóiteáin agus beidh sé sin críochnaithe i 2009. I dteannta na gnáth ghníomhartha comhraic dóiteáin áirítear bearta cosanta dóiteáin:

- Teastais sábháilteachta dóiteáin – Tá oibleagáid ar gach forbairt seachas tithíocht phríobháideach iarratas a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin ón Údarás Dóiteáin. Níor mhór fógra tosach feidhme a bheith curtha isteach ansin don Rannóg Pleanála Chomhairle Chontae na Mí roimh thús a bheith curtha leis an bhforbairt. Coinnítear clár fógraí tús feidhme agus dearbhuithe sábháilteachta dóiteáin ag an Údarás Áitiúil.
- Meastar iarratais phleanála do riachtanais sábháilteachta dóiteáin agus cuirtear tuarascálacha isteach ansin go Rannóg Pleanála na Comhairle.
- Leantar clár iniúchta sábháilteachta dóiteáin agus cuirtear an bhéim ar iniúchadh áitribh cheadúnaithe, óstáin, tithe altranais agus ionaid a mheallann méid mór patrún chucu ar nós Ceolchoirmeacha Bhaile Shláine agus Ráschruinniú na Cásca ag Tigh na Sióg.
- Iarratais Cheadúnais Pheitriliam faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1979.
- Sábháilteacht Dóiteáin Pobail, lena n-áirítear cuairt ar gach bunscoil i gContae na Mí faoin gclár um Athrú na Seirbhíse Dóiteáin Náisiúnta, cuairteanna ar ghrúpaí pobail agus seachtain sábháilteachta dóiteáin (1 mí Dheireadh Fómhair gach bliain)

Rinneadh an Fearas Múchta Dóiteáin nua arna mhaoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil le costas thart ar €300,000 a sheachadadh go Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe i Lúnasa 2008. Coimeádann an Fearas Dóiteáin den chineál is nua-aimseartha seo 1800 lítear uisce agus caidéal cúir aeir comhbhrúite (CAF) le haghaidh oibríochtaí comhraic dóiteáin chomh maith le teicneolaíocht na briogáide dóiteáin is déanaí. Tá an fearas tar éis cabhrú go mór le hoibríochtaí comhraic dóiteáin i gceantar na hUaimhe go háirithe.

Ceadaiodh maoiniú le haghaidh fearas tarrthála tuairteála nua chomh maith le dhá fhearas dóiteáin eile ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus beifear ag súil leo sin a fháil i 2009/2010.

Oifigí nua-bheartaithe do Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe

Fuarthas ceadú maoinithe i gcomhair €1.8 m ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndiaidh aighneacht Phlean breithmheasa agus réamhchéimeanna chun cóiríocht riaracháin bhuan a sholáthar ag Ceanncheathrú na Briogáide Dóiteáin i Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe. Beidh sé seo in áit na bpórtachabhán sealadach atá ann faoi láthair i gclós an stáisiúin dóiteáin agus soláthróidh siad cóiríocht agus saoráidí riachtanacha do chomhaltaí na foirne Seirbhíse Dóiteáin. Beidh an togra seo faoi réir ag maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.



Fire Statistics - 2008

	<u>Navan</u>	<u>Duns</u>	<u>Ashb</u>	<u>Trim</u>	<u>Kells</u>	<u>Oldc.</u>	<u>Nobber</u>	<u>Total</u>
Domestic Buildings:								
Chimney Fire In Houses	29	15	7	41	33	8	3	136
Other House Fires	39	20	16	10	11	2	1	99
Apartments, Flats and Bedsitters	5	0	3	2	0	0	0	10
Caravans/Mobile Homes	5	0	2	2	0	0	2	11
Institutions:								
Schools/hospitals/other.	3	2	0	1	4	1	0	11
Industrial:								
Factories	11	2	3	3	4	1	1	25
Commercial:								
Shops, Supermarkets	6	0	2	2	1	0	0	11
Restaurants	0							
Hotels Guesthouses/Boarding Houses	0	0	2	1	0	0	0	3
Service:								
Public Houses	4	5	0	0	0	0	0	9
Restaurants	1							1
Places of Public entertainemnt (discos/cinema's)			1					1
Other:								
Motor Vehicles	55	47	37	28	14	1	8	190
Petrol Stations & Garages	1	0	1	2	0	0	0	4
Unoccupied Buildings	2	2	2	0	1	0	0	7
Agricultural Buildings	4	1	0	4	0	0	0	9
Forest/Bog/Grass, etc.	26	3	15	18	6	2	2	72
Outdoor Storage	6	4	6	5	5	1	0	27
Outdoor Rubbish	29	8	12	9	9	2	0	69
Miscellaneous	29	7	10	12	3	0	7	68
False Alarm Incidents								
1. Malicious	16	2	4	4	3	0	0	29
2. Good Intent	71	24	44	27	12	6	5	189
Special Services								
Road Traffic Accidents	42	35	54	23	22	10	7	193
Water Pumping Flooding	22	5	11	3	2	20	4	67
Hazardous Subs	6	0	0	4	1	1	2	14
Other Non-Fire Rescues	9	8	9	4	3	0	1	34
Miscellaneous:	21	26	12	15	5	6	3	88
TOTALS	442	216	251	220	139	61	46	1375
Actual (AS PER REPORTS)	442	216	251	220	139	61	46	1375



8. TITHÍOCHT

Is é an cuspóir atá ag Roinn Tithíochta Chomhairle Chontae na Mí cóiríocht thithíochta atá oiriúnach agus seirbhís tithíochta atá freagrach agus tacúil a chur ar fáil dóibh sin a dteastaíonn cúnamh uathu. Tá iarracht á dhéanamh ag an roinn cur ar chumas gach lion tí incháilithe teaghais inacmhainne d'ardchaighdeán a bheith ar fáil dóibh, a bheidh oiriúnach dá riachtanais, i dtimpeallacht mhaith agus an méid agus is féidir le tionacht dá rogha féin.

Áirítear i gClár Tógála Ibhliantúil 2004-2008 na Comhairle soláthar Tithíocht Shóisialta agus cur chun cinn tithíocht dheonach, tithíocht inacmhainne agus forbairt samhlacha nua soláthair faoin Scéim Cóiríochta Cíosa.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in uasghrádú an stoc tithíochta leis an gcuspóir an stoc tithíochta ar fad atá ar cíos agus atá níos sine a thabhairt suas chuig caighdeán rialacháin tógála nua-aimseartha. Tá an stoc tithíochta os cionn 2700 teach cónaithe anois le luach sócmhainní de €360 milliún.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana 2008 feadh na gceannteideal éagsúla in ainneoin an chúlú eacnamaíochta agus is achoimre orthu an méid seo a leanas:

- ❖ Tithe nua leithdháilte ag Baile na Gaoithe (72) Dún Búinne (16), an Baile Corr (16), an Obair (22) an Seanchaisleán (14), agus Baile Iomhair (7).
- ❖ Tús curtha le scéimeanna ag – Cnoc an Línsigh (29), Dún Uabhair (11), agus le 21 teach nua i nGarrán Áth Cinn, Ceanannas agus is athsholáthar tithe atá in 8 gcinn acu sin mar chuid den Scéim Oibre Leasúcháin.
- ❖ Cuirfear 26 Teach Sóisialta ar fáil faoi mheicníocht Chuid V in 2008.
- ❖ Tá dul chun cinn déanta i gcúrsaí pleanála maidir le tionscadail amach anseo ar thailte atá i seilbh an Údaráis Áitiúil ag Baile an Bhiaiaigh, Damhliag, Baile Fargáin, An Uaimh, Dún Seachlainn, Dún Búinne, Rath Moliain agus Cluan Ioraird.
- ❖ Tá 5 teach aonair faoin tuath ag céimeanna éagsúla pleanála agus forbartha.
- ❖ Tá comhráití faoi bhealach le lion comhlachtaí Deonacha i dtéarmaí cóiríochta a chur ar fáil in áiteanna éagsúla sa Chontae.
- ❖ Tá cead faighte ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun saoráid Ionad Acmhainní Pobail 400 méadar cearnach a fhorbairt ag Baile na Gaoithe – ar chostas de €1.15 milliún.
- ❖ Tá an obair tugtha chun críche ar fhorbairt Mhionpháirc ag Baile na Gaoithe atá maoinithe faoin gclár RAPID.
- ❖ Ag cur chun cinn na Scéime Oibre Leasúcháin atá beartaithe d'Eastát Pháirceanna an Baile, An Uaimh chuig an gcéim Tairisceana.
- ❖ Ag athchóiriú 43 teach i gClós an Draighin agus i gCorrán Liam Uí Dhuibh i gCeanannas thar ceann Chomhairle Baile Ceanannais.
- ❖ Aighneachtaí déanta chuig an Roinn maidir le hiarratais ar mholtaí do na Scéimeanna Oibre Leasúcháin i gCúirt Alverno an Inse agus Bailtíní Bhride/Ardán Naomh Ultáin, an Uaimh.
- ❖ Tá daoine ina gcónaí sna 14 Teach Inacmhainne i mBaile na Gaoithe agus tá dul chun cinn maith déanta le 18 teach eile a thabhairt chun críche.
- ❖ Tá 359 aonad Inacmhainne, faoi réir ag comhaontuithe faoi Chuid V, sceidealaithe le seachadadh faoi dheireadh na bliana 2008.
- ❖ Measúnú ar Riachtanas Tithíochta 3 bliana tugtha chun críche inar cuireadh agallamh ar os cionn 2000 Iarratasóir do Thithíocht Shóisialta.
- ❖ An riaráiste iarratas á ghlanadh don 857 iarratas faoi na Scéimeanna Deontais Deisiúcháin Riachtanacha agus na Scéimeanna do Dhaoine faoi Mhíchumas lena mbaianeann ceadaithe maoinithe de os cionn €5.8 milliún.
- ❖ Tús curtha le hobair ar ullmhú an Dréachtchlár Cóiríochta don Lucht Siúil a chlúdaíonn an tréimhse 2009-2013.
- ❖ Obair leasúcháin déanta ar Láithreán Stad Pháirc Naomh Proinsias, Baile na Gaoithe agus tá an Láithreán Stad ag Páirc Naomh Máirtín, Baile Átha Troim ag na céimeanna tosaigh pleanála.
- ❖ Suiteáil an Teasa Lárnaigh i stoc na Comhairle atá ar cíos le tabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana 2008 faoin gclár Teas Lárnach 3 bliana atá comhaontaithe ag an Roinn.
- ❖ Tús curtha le clár chun athsholáthar a dhéanamh ar bhonn tosaíochta ar fhuinneoga agus ar dhoirse i stoc na Comhairle atá ar cíos.
- ❖ Líon as cuimse iontrálacha (58) faighte faoi Dhámhachtainí Eastát Tithíochta agus Scéimeanna Deontais na Comhairle faoinar cuireadh maoiniú de €25,000 ar fáil.



- ❖ Tús curtha le hobair ar fhorbairt phacáiste bogearraí do Phacáiste Tithíochta Lánpháirtithe, Ihouse le tabhairt faoi na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le tithíocht.

8.1. An Scéim Cóiríochta Ciosa (RAS)

Is ar mhaithe le daoine atá ag fáil forlíonadh ciosa (de ghnáth os cionn 18 mí) í an Scéim Cóiríochta Ciosa, a bhfuil i dtuairim an Údaráis Áitiúil riachtanas tithíochta fadtéarmacha acu. Cuireann an RAS rogha breise ar fáil do na húdaráis Tithíochta le freastal ar riachtanais chóiríochta na ndaoine sin. Faigheann an tÚdarás Áitiúil cóiríocht d'fhaighteoirí forlíonadh ciosa agus déantar socruithe le tiarnaí talún príobháideacha maidir le léasanna fadtéarmacha agus le léasanna gearrthéarmacha.

Meastar i bhfianaise na timpeallachta eacnamaíochta atá againn i láthair na huair go mbeidh ról ollmhór ag an scéim seo as seo amach le haghaidh a thabhairt ar riachtanais thithíochta daoine agus tá Comhairle Chontae na Mí ag cur na scéime chun cinn go gníomhach agus tá fócas ar leith ar riachtanais dhaoine aonair atá faoi láthair ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach atá ar cíos agus atá ar chaighdeán lag.

8.2. An Scéim Ceannacháin Incriminteach

Is éard atá i gceist leis an scéim seo, a tugadh isteach ar bhonn píolótach, cur ar chumas tionóntaí tithíocht shóisialta agus líonta tí atá incháilithe a bheith ina luathúinéirí ar thithíocht nuathógtha na comhairle áitiúil. Déanfar foráil d'fheidhmiú iomlán na Scéime seo tar éis achtú Bhille na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008. Tá Comhairle Chontae na Mí i mbun ullmhúchán ar thionscadail thaispeántais le seoladh chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí na scéime.

8.3. Iniúchtaí ar Thithíocht Phríobháideach ar Cíos

Cuirtear béim láidir i ndoiciméid Beartais Rialtais le gairid lena n-áirítear sa chomhaontú comhpháirtíochta "I dTreo 2016" agus Tithe Baile a Thógáil, Pobail a Chothabháil, ar an ngá ann aghaidh a thabhairt ar chóiríocht atá faoi bhun an chaighdeáin sa mhargadh príobháideach. Tháinig ioschaighdeáin dhlíthiúla nua i bhfeidhm do chóiríocht ar cíos ón 1 Feabhra 2009 lena chinntiú go bhfuil a chuid saoráidí sláintíochta, chomh maith le caighdeáin nua-aimseartha i ndáil le stóráil bia, ullmhú bia, bruscar agus níochán, soilsiú agus aerú agus sábháilteacht dóiteáin i ngach cóiríocht ar cíos.

Tá Comhairle Chontae na Mí ag cur clár iniúchtaí ar fáil do chóiríocht phríobháideach ar cíos le súil le caighdeáin a fheabhsú sa Chontae.

8.4. Daoine gan Dídean

Cuireann Comhairle Chontae na Mí seirbhís ar fáil dóibh siúd atá gan dídean nó atá faoi bhagairt a bheith gan dídean. Déileáiltear le daoine aonair agus le teaghlaigh ag a bhfuil riachtanais chasta ar nós míchumas dé-fháthmheasa/diagnóisiú meabhairshláinte, andúilíocht i ndrugaí, spleáchas ar alcól, péidifíliá agus leis na saincheistanna eile ar fad i gcomhair le ranna ábhartha an HSE. Tá 2 oibrí For-Rochtana/Athlonnaithe fostaithe ag an gComhairle chun déileáil le tarluithe a bhaineann le daoine gan dídean.

Tá soláthar Brú do Dhaoine gan Dídean san Uaimh curtha chun tosaigh le soláthróir Seirbhíse aitheanta agus tá céimeanna á dtógáil anois chun suíomh oiriúnach a fháil don Bhrú.

Thug an Rialtas isteach Straitéis Tithíochta nua "The Way Home" i Lúnasa na Bliana 2008 le haghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine Aosach in Éirinn 2008 – 2013. Leagan an Straitéis fíis amach le híoslghdú a dhéanamh ar easpa dídine agus san áit ina dtarlaíonn sé, ní bheidh ar aon duine codladh amuigh ná fanacht i gcóiríocht éigeandála níos faide ná 6 mhí.



8.5. Bille na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008

Foilsíodh an Bille le linn na bliana 2008 agus táthar ag súil go n-achtófar é i lár na bliana 2009. Is mar seo a leanas atá príomhfhórála an Bhille a chuireann in aon phiosa reachtaíochta amháin Achtanna na dTithe roimhe seo:

- Ullmhú Pleananna Seirbhíse Tithíochta agus Pleananna Gnímh Tithíochta agus a gcaithfear glacadh leo mar fheidhm fhorchoimeáda Chomhaltaí tofa na Comhairle.
- Measúnú ar an bPróiseas Riachtanais agus ar Scéimeanna Tosaíochtaí Ligin a thabhairt cothrom le dáta
- Glacadh le Straitéisí Iompar Frith-Shóisialta
- Forálacha nua le cur san áireamh sna Comhaontuithe Tionóntachta
- Caithfidh na Comhaltaí tofa glacadh le hAthbhreithnithe ar na Scéimeanna Ciosa.
- Soláthar bonn reachtaíochta don Scéim Cóiríochta Ciosa
- Tabhairt isteach Scéim Ceannacháin Incriminteach Nua

8.7. An Coiste Polasaí Straitéiseach – Tithíocht Sóisialta Cultúrtha & Pobail

Tá an Coiste Polasaí Straitéiseach agus Tithíocht Sóisialta Cultúrtha agus Pobail comhdhéanta de 9 gComhairleoir agus 4 ionadaí ó na grúpaí earnálacha. Cuidíonn an Coiste Polasaí Straitéiseach, Polasaí Sóisialta agus Tithíochta leis an gComhairle i ndéanamh, i bhforbairt agus in athbhreithniú polasaí i ndáil leis na feidhmeanna ar fad sa réimse Tithíochta. Tháinig an Coiste Polasaí Straitéiseach le chéile 5 uaire le linn na bliana 2008 agus pléadh/comhaontaíodh polasaithe sna réimsí seo a leanas:

- An Straitéis Tithíochta & an Polasaí Tithíochta Inacmhainne
- Polasaí Bainistíochta Eastát
- Plean Gnímh do Thithíocht Inacmhainne agus Sóisialta
- An Scéim DPG agus ERG mar atá athbhreithnithe
- Fáltais Chaipitiúla Inmheánacha
- Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2008
- Iompar Frith-Shóisialta
- Dréachtlámhleabhar Tionóntaí
- Plean Ealaíon na Mí
- Plean Gnímh Tithíochta 2007-2009
- Daoine gan Dídean
- Rialú Madraí in Eastát na nÚdarás Áitiúil
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Plean Bithéagsúlachta na Mí
- Plean Earnálach de réir an Achta um Mhíchumas 2005
- An Scéim Cóiríochta Ciosa (RAS)



9. ACMHAINNÍ DAONNA

Is í príomhfheidhm na rannóige Acmhainní Daonna (HR) Fórsa Saothair a phleanáil agus a earcú le cur ar ár gcumas dul chun cinn a dhéanamh i gcomhar le daoine fhad a chruthófar timpeallacht oibre cothrom, comhchomhairleach agus tacúil a bheidh dearfa agus sabháilte. Agus sin á dhéanamh tá sé mar aidhm ag an bhfoireann Acmhainní Daonna cuidiú le rannóga na nÚdarás Áitiúil ar fad sa Mhí chun cuspóirí eagraíochtúla a sheachadadh, agus ag an am céanna poitínseal gach ball foirne a fhorbairt. Caithfear é sin ar fad a bhaint amach ach ní mór ag an am céanna an timpeallacht eacnamaíochta dhúslánach ina bhfuilimid ag feidhmiú a thabhairt san áireamh.

Sheol Bord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil doiciméad Creat Straitéise HR atá á shainshonrú i láthair na huaire le Straitéis HR & Plean Feidhmithe Tionscadail le tuilleadh sainmhíniú maidir le ról an HR laistigh d'Údarás Áitiúil na Mí a chur ar fáil agus b'fhéidir go dtabharfaidh isteach roinnt bealaí nuálacha le tabhairt faoi na dúshlán atá amach romhainn.

Tá feidhm an HR briste síos sna seirbhísí croiláir seo a leanas:

- Earcaíocht & Roghnú
- Struchtúr Foirne & Tuairisceáin Foirne
- Saoire Foirne
- Polasaithe & Nósanna Imeachta HR
- Caidreamh Tionscail
- Aoisliúntas
- Oiliúint
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

9.1. *Earcaíocht agus Roghnú*

Déanfaidh Údarás Áitiúla na Mí iarracht dóthain foirne a earcú agus a choinneáil ag a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí atá riachtanach leis na cuspóirí corparáideacha a sheachadadh agus leis na spriocanna corparáideacha a bhaint amach agus treoracha Rialtais á gcomhlíonadh ag an am céanna. Chiallaigh soláthar na seirbhíse seo sa bhliain 2008 gur eagraigh agus gur thionóil an HR 60 comórtas agus gur próiseáladh thart ar 1,174 foirm iarratais. Tionóladh formhór na n-agallamh le haghaidh na gcomórtas sin le linn na bliana mar aon leis an 13 comórtas a fógraíodh sa bhliain 2007 rud a chiallaigh 81 lá agallaimh in iomláine.

9.2. *Struchtúr Foirne*

Ba é an toradh a bhí ar an líon comórtas atá luaite gur eisíodh 59 conradh fostaí nua ar bhail a chuaigh isteach in Údarás Áitiúla na Mí sa bhliain 2008. Airíodh ar sin foireann buan agus foireann sealadach araon a thosaigh ar chonarthaí téarma socraithe. Cuireadh síneadh le 81 conradh sealadach le linn na tréimhse sin agus eisíodh freisin 40 conradh ardú céime agus 48 conradh ar mhic léinn.

Scríobh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chuig na hÚdarás Áitiúla i mí Iúil 2008 ag éileamh orthu bearta a fheidhmiú chun coigiltis a dhéanamh ó thaobh an phárolla, riaracháin agus éifeachtúlachtaí eile. Éilíodh ar na hÚdarás Áitiúla 3% laghdú ar chostais párolla a chur i bhfeidhm ar bhonn solúbthachta trí bhearta a chur in úsáid ag leibhéal áitiúil lena n-áirítear uimhreacha a rialú. Mar gheall ar sin ní dhearnadh athnuachan ar 15 conradh téarma socraithe sealadach fostaíochta in 2008.

9.3. *Tuairisceáin Foirne*

Cuireann Foireann an HR uimhreacha 'tuairisceán' foirne ar fáil gach ceathrú a sheoltar chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a mhionsonraíonn fhigiúirí iomlána na foirne atá fostaíthe ag an gComhairle. Chomh maith leis sin ullmhaíonn an HR 'tuairisceán bliantúil' níos cuimsithí le seoladh chuig an DoEHLG gach bliain. Féach ar Thábla 2 thíos le briseadh síos a fháil maidir leis an bhfoireann de réir earnála ó mhí na Nollag 2008.

Tábla 2. Briseadh síos ar an bhfoireann de réir earnála

Earnáil	Uimhir	WTE
Bainistíocht	8	8
Riarachán	307	273.5
Innealtóireacht / Teicniúil	119	119
Oibríochtúil / Lasmuigh	265	241.60
Conradh	168	157.94
Lucht Dóiteáin	70	10.65
Neamh DoEHLG	2	2
Iomlán	939	812.69

Nollaig 2008

9.4. Aoisliúntas

Cuirtear gach ball foirne faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil ón dáta a dtosaíonn siad a gcuid fostaíochta le hÚdarás Áitiúla na Mí. Seo a leanas briseadh síos ar ghníomhaíochtaí aoisliúntais ar déileáladh leo sa bhliain 2008:

Tábla 4. Briseadh síos ar ghníomhaíochtaí aoisliúntais

Gníomhaíocht	Líon in 2008
VEC – Íocaíocht aonuaire agus ríomh pinsin	13
Daoine a chuaigh ar scor ó Údarás Áitiúla na Mí in 2007	13 (7 nOifigeach, 6 Fhostaí)
Aiscí do dhaoine neamh-inphinsinithe	3(Lucht Dóiteáin Coimeádta)
Sochair Caomhnaithe	3

Ba €677,137 an chnapshuim scoir iomlán a íocadh le foireann Údarás Áitiúil na Mí in 2008 agus íocadh €745,948 de chnapshuimeanna le foireann ón VEC a chuaigh ar scor.

9.5. Saoire Foirne

Ag teacht le héiteas Cothromaíocht Saoil agus Oibre, phróiseáil agus dheonaigh Údarás Áitiúla na Mí an líon seo a leanas d'iarratas saoirí éagsúla in 2008:

Tábla 3. Iarratais ar Phoist a Roinnt agus ar Shaoire Scoilbhliana

Cineál Saoire	2005	2006	2007	2008
Iarratais ar Shaoire Scoilbhliana	7	18	15	5
Iarratais ar Phoist a Roinnt	60	57	72	76

Táscaire Saoire Breoiteachta do 2008:

Céatadán laethanta Oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta 'a Deimhníodh' - 2.48%

Céatadán laethanta Oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreoiteachta 'Neamhdheimhnithe' - 0.52 %

9.6. An Tionscadal Párolla Náisiúnta

Lean Foireann Tionscadal HR Chomhairle Chontae na Mí in 2008 de bheith rannpháirteach ar bhonn leanúnach i gcumraíocht agus i dtástáil an chórais nua Aoisliúntais & Párolla Náisiúnta HR. D'fhreastail an fhoireann ar cheardlanna ar gach aon cheann de na modúil a bhí le bheith san áireamh i gCéim 1 den project.ie. Pearsanra Croiláir, Párolla, Aoisliúntas, Am & Tinreamh/Saoire agus Earcaíocht. Rinneadh tástáil freisin ar gach aon cheann de na modúil. Cuirfead modúil Céim 1 ar fad i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2009. Cuirfead tús freisin le hobair ullmhúcháin ar mhodúil Céim 2 lena n-áirítear Oiliúint, PMDS, Slándáil, Comhlíonadh Rialála, Caidrimh Thionscail agus Féinsheirbhís Bainisteoirí.

9.7. Polasaithe & Nósanna Imeachta HR

Faoi láthair tá 5 pholasáí HR á bhfeidhmiú ag Údarás Áitiúla na Mí. Chomhaontaigh agus shínigh an Ceardchumann agus Ionadaithe na Bainistíochta na polasaithe sin go náisiúnta agus ina dhiaidh sin d'fhorhuinigh Coiste Comhpháirtíochta Údarás Áitiúla na Mí iad ag leibhéal áitiúil. Iad na Nósanna Imeachta agus Polasáí Tinreamh a bhainistiú an doiciméad polasáí náisiúnta is déanaí a chuaigh tríd an bpróiseas seo sa bhliain 2008 - cuireadh an doiciméad seo i láthair na Comhpháirtíochta agus scaipfear agus feidhmeofar é le linn na bliana 2009. Tá an LGMSB agus na comhpháirtithe ag obair ar Pholasáí nua maidir le Dínit ag an Obair agus scaipfear é ar na hÚdarás Áitiúla ar fad in 2009 chun é a chomhchruinniú agus é a fheidhmiú.

Feidhmíonn an Chomhairle 8 bpolasáí HR áitiúil freisin (a bhaineann le hÚdarás Áitiúla na Mí). Chomhaontaigh agus d'fhorhuinigh an Ceardchumann áitiúil agus Ionadaithe na Bainistíochta iad seo i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Áitiúla na Mí.

9.8. Oiliúint agus Forbairt

Cuspóir Straitéiseach

Chun measúnú a dhéanamh go córasach ar riachtanais i gcomhar leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, agus an oiliúint, an t-oideachas agus an fhorbairt ghairmiúil chuí a chur ar fáil, cumasú a dhéanamh ar acmhainní daonna solúbtha, oile, táirgiúil a mbeidh ar a gcumas freastal ar riachtanais éabhlaithe eagraíochtúla.

Maidir le Táscairí Seirbhíse Náisiúnta C2, léiríonn an tábla a leanas an fheidhmíocht i gcaiteachas 2008 ar an bPárolla iomlán ar Oiliúint agus ar Forbairt.

Riachtanas	Feidhmíocht maidir leis an bhfoireann Iomlán	Feidhmíocht maidir le Go & Gráid lena mBaineann
3 %	4.14 %	3.6 %

Comhghairdeas lenár gcuid fostaithe ar fad a bhain cáilíochtaí amach i raon leathan disciplíní ó Riarachán Rialtais Áitiúil, IT, Sláinte & Sábháilteacht srl.

D'éirigh le Comhairle Chontae na Mí an teideal cáiliúil CPD (d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach) a choinneáil, Cuideachta Creidiúnaithe ó Innealtóirí na hÉireann. Sa bhliain 2005 a bronnadh an creidiúnú iomlán 3 bliana ar an gComhairle i dtosach, agus tar éis iniúchadh rathúil maidir lena cleachtais foghlama ar feadh an tsaol d'innealtóirí gairmiúla, tá an dámhachtain iomlán bainte amach don dara téarma ag an gComhairle.

Tugann coinneáil rathúil creidiúnú CPD ar feadh 3 bliana eile aitheantas do Chomhairle Chontae na Mí mar chuideachta a chuireann chun cinn agus a spreagann, oiliúint, oideachas agus forbairt i measc a fórsa oibre.



Presentation of CPD Accreditation – July 2008



10. TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS

Is é misean na Roinne Córais Eolais tacaíocht agus spreagadh a dhéanamh ar fheabhsú leanúnach phróisis ghnó Chomhairle Chontae na Mí tríd an úsáid is oiriúnaí agus is fearr a bhaint as réitigh theicneolaíocht an eolais go himheánach agus go seachtrach.

Ba bhliain a bhí thar a bheith gnóthach agus táirgiúil a bhí sa bhliain 2008 do Roinn na gCóras Eolais. Mar atá tuairiscithe thíos, bhí líon tionscadail thábhachtacha ann le hinfrastuchtúr a fheabhsú, le córais eolais spáis agus gnó nua agus feabhsaithe a fheidhmiú, agus cur le fáil a bheith ar sheirbhísí agus eolas ar líne. An príomhathrú a tháinig ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil ná gur éirigh chomh maith leis an ngrúpa nuála agus feabhsaithe ar an bpróisis gnó a bhí i mbun oibre le líon de rannóga na comhairle ar mhaithe le deiseanna a aithint leis an bpróisis a fheabhsú agus le cuidiú leis na réimsí sin le seirbhísí a choinneáil agus a fheabhsú i bhfianaise an bhrú as cuimse atá ar acmhainní.

10.1. Gréasáin

D'fheidhmiomar naisc ghréasáin gan sreang ardchumais le linn na bliana 2008 idir Halla an Chontae agus ár n-oifigí i nDún Seachlainn, Damhliag, Baile Átha Troim agus Baile Fargáin. Bhí na naisc sin sa bhreis ar na naisc atá ar fáil cheana féin i gCeanannas, agus sna hoifigí pleanála i mBóthar na Mainistreach agus san Ionad Fiontraíochta. Cuireadh ceangail fheabhsaithe leathanbhanda ar fáil freisin in áiteanna eile lena n-áirítear Cill Déagláin agus an chuid is mó de na leabharlanna. Chuireamar athrú ó bhonn ar na gréasáin inmheánacha laistigh de Halla an Chontae le feidhmíocht agus cobhsaíocht i bhfad níos fearr a sholáthar.

10.2. Fíorúlú

Chuir feidhmiú na teicneolaíochta fíorúlaithe le linn na bliana 2008 ar ár gcumas sábháil mhór a dhéanamh. Bhí ar ár gcumas os cionn €100,000 de chaiteachas a sheachaint trí úsáid a bhaint as córais nua agus breis cumais i dtimpeallacht fíorúlaithe rud a chiallóidh caiteachas ar fhreastalaithe nua mura mbeadh fáil ar na córais sin. Chuir sé sin ar ár gcumas freisin na costais leictreachais agus astuithe CO2 a laghdú go mór. Leanfaimid orainn le córais a ascnamh chuig timpeallacht fíorúlaithe le linn na bliana 2009 le tuilleadh sábháil a dhéanamh. Cuireann fíorúlú timpeallacht atá i bhfad níos solúbtha ar fáil dúinn freisin le freastal ar riachtanais na comhairle maidir le fáil a bheith ar chóras, riachtanas atá ag dul i méid agus atá ag athrú.

10.3. Córais Ghnó

10.3.1. Riarachán Pleanála

Thugamar feidhmiú córas nua riarachán pleanála chun críche. Thugamar isteach freisin córas nua maidir le fiosrúcháin phleanála ar líne – ePlan – i measc feabhsúcháin eile ar www.meath.ie

10.3.2. Acmhainní Daonna agus Párolla

Feidhmíodh an chéad mhodúil den chóras Párolla agus Acmhainní Daonna, a bhí lánpháirithe go hiomlán, agus tá ullmhúchán mór déanta leis na modúil eile a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2009. Tá an Mhí ag feidhmiú mar láthair phíolótach do leathadh amach an chórais sin ar bhonn náisiúnta.

10.3.3. Tithíocht

Tugadh iarratas ar Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta chun críche agus baineadh úsáid as ar mhaithe le tuairisceáin ranna.

10.4. Seirbhísí Spáis

10.4.1. Suirbhé draenála na hUaimhe

Tugadh fardal iomlán sócmhainní chun críche maidir leis na cúrsaí draenála ar fad i gCeantair na hUaimhe. Cuirfidh sé sin foinse maidir le heolas ar fáil ar an draenáil atá cothabháilte go maith, cruinn agus iontaofa a thacóidh le pleanáil a dhéanamh do dhraenáil agus do ghníomhaíochtaí



cothabhála. Bainfear úsáid as na Suirbhéanna Sócmhainní le haimhrialtachtaí a cheartú sula dtógfar ceannas ar na hEastát Tithíochta.

10.4.2. Bunachar Sonraí Soilse Poiblí

Tugadh suirbhé cuimsitheach chun críche le Bunachar Sócmhainn Soilse a sholáthar. Cuirfidh sé sin deis ar fáil le bainistiú níos fearr a dhéanamh agus costais soilse poiblí a laghdú chomh maith le bheith ina bonn do Chlár Cothabhála Soilse comhsheasmhach.

10.4.3. Stoc Tithíochta na Mí

Rinneadh digitiú ar an mhaoin ar fad atá i seilbh na nÚdarás Áitiúil agus tá fáil ar an eolas i bhformáid léarscáilíochta. Bainfear úsáid as na sonraí sna córais thithíochta agus cuideoidh sé le bainistiú éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar mhaoin na Comhairle.

10.5. Meadrachtaí Seirbhísí

10.5.1. An Deasc Cabhrach IT

Ghníomhaigh an Deasc Cabhrach IT 7224 iarratas ar sheirbhís le linn na bliana, agus cuireadh 118 PCanna nua ar fáil.

10.5.2. Láithreán Gréasáin Meath.ie

Tá méid leanúnach ag teacht ar an eolas agus ar na seirbhísí atá ar fáil trí www.meath.ie a thugann rochtain do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar eolas a fháil iad féin, ag am a oireann dóibh. Áirítear i measc sampla den mhéid tráchta a chuaig tríd an láithreán le linn na bliana 2008:

- An Rannóg Phleanála 237,807 amharc leathanaigh
- Turasóireacht: 268,230 amharc leathanaigh
- Tithíocht: 65,865 amharc leathanaigh
- (Rinneadh foirmeacha iarratais ar Thithíocht Inacmhainne a íoslódáil 2,231 uair)
- Póna Madraí: 122,109 amharc leathanaigh

10.5.3. Léarscáileanna Google

Baintear úsáid as Léarscáileanna Google anois i roinnt mhaith gnéithe den láithreán gréasáin www.meath.ie, lena n-áirítear:

- Léarscáileanna Baile
- Léarscáil Scoileanna Glasa
- Léarscáil Leabharlainne
- Léarscáil de Phríomh-Oifig Chomhairle Chontae na Mí, de na Comhairlí Cathrach agus den Cheantar Áitiúil
- Léarscáil de na hIonaid Athchúrsála
- Léarscáil de na Saoráidí Spóirt
- Léarscáil ar Dhúnadh Bóithre
- Léarscáil maidir le Bealaí a ndéantar Greannadh orthu le linn an gheimhridh.

10.5.4. Forbairt Eacnamaíochta

Trí oibriú leis an Roinn Forbartha Eacnamaíochta agus Nuála rinneadh athdhearadh ar www.meath.ie/Business agus cuireadh roinnt seirbhísí breise leis an láithreán, lena n-áirítear Eolas agus Comhairle i dtaobh Gnó, Liostaí den Mhaoin Ghnó, Gníomhaíochtaí agus Ionaid Chorpáraídeacha, Tairiscintí agus tuilleadh. Rinneadh forbairt ar eolaire gnó inchoardaithe le linn na bliana 2008 agus beidh fáil ar saor in aisce do gach Gnó sa Mhí, agus tá sé ceaptha a dhul ar líne sa bhliain 2009.



11. INFRASTRUCTÚR

11.1. *Bóithre*

11.1.1. **Bóithre Náisiúnta a Thrasnaíonn Co. na Mí**

- **Seachbhóthar Shláine**
Scéim chomhairliúcháin phoiblí & athailinthe athleasaithe tugtha chun críche.
Déanfar athbheithniú ar an EIS agus ar an CPO agus seolfar ar aghaidh chuig an NRA iad in 2009.
- **Mótorbhealach M3 Chluain Aodha/ó Thuaidh de Cheanannas**
Á thógáil, meastar é a bheith críochnaithe faoin mbliain 2010
- **Céim 2B de Bhóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe (Bóthar Cheanannais go dtí Bóthar Bhaile Átha Buí)**
Oibreacha á ndéanamh agus meastar go mbeidh sé críochnaithe in Aibreán 2009
- **N2 Bhaile an Phríomháidh**
Obair fheabhsúcháin leanúnach a dhéanamh ar an acomhal
- **Athailiniú ar N51 ag Dún Mó**
Ag an gCéim Tairisceana
- **Oibreacha Cosáin agus Oibreacha Feabhsúcháin**
 - N2 an Chúil Fhuar
 - N3 Baile Bháinín
 - N3 Caisleán Mháirtín
 - N3 Baile an Róigh
 - N52 Baile an Tulcháin

11.1.2. **Bealaí i gCo. na Mí nach Bealaí Náisiúnta iad**

- **Céim 2 den R158 Baile Átha Troim/Cnoc an Línsigh/Cill Choca (Cnoc an Línsigh go dtí Cill Choca)**
Oibreacha beagnach críochnaithe
- **Céim 2 den R150 Damhliag/Baile Iúiliáin (Cill Searbháin go dtí Baile Iúiliáin)**
Oibreacha Críochnaithe
- **R161 Baile Átha Troim/An Uaimh**
Oibreacha beagnach críochnaithe
- **R154 Baile Phádraig, an Seanchaisleán**
Cuid den bhóthar beagnach críochnaithe
- **R162 Leathnú Dhroichead na hOibre**
Oibreacha beagnach críochnaithe
- **R125 Ráth Tó – An Timpeallán ag Baile Shéamais**
Oibreacha beagnach críochnaithe
- **Siopús/Dún Uabhair**
Oibreacha beagnach críochnaithe



11.1.3. Scéimeanna Bóthair ag an gCéim Phleanála/Dhearaidh

- N3/R161 (Gleann Ghort an Tobair go dtí Bóthar Bhaile Átha Troim, An Uaimh)
- R160 Baile Átha Troim / Bóthar Mhaigh Dearmhaí
- R157 Maigh Nuad / Bóthar Dhún Búinne (Maigh Gadaí)
- Bóthar Bhaile an Cheantaigh go dtí Bóthar na Bóinne
- R150 Seachbhóthar Dhamhliag
- R156 Dún Búinne – Cnoc an Linsigh
- Feabhsúchán Shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh
- R150 Baile Iúiliáin/An Inse

11.2. Seirbhísí Uisce

Is éard atá i gceist le Clár Seirbhísí Uisce Chomhairle Contae na Mí:

- Mórchlár Infheistíochta Caipitil
- An Clár Uisce Tuaithe

Straitéisí

- An Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2007-2009 a chur i bhfeidhm.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar na Tionscadail a aithníodh sa Mheasúnú Riachtanas Seirbhíse Uisce (2007-2013) arna ghlacadh ag Comhairle Contae na Mí i mí Iúil 2006 i gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce amach anseo.
- Imscrúdú a dhéanamh ar ár spleáchas ar Údarás Áitiúla eile le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce agus iarracht a dhéanamh chun an spleáchas sin a laghdú.
- Saoráidí reatha seirbhísí uisce a uasghrádú i gcás ina mbíonn easnamh ann, chun na Treoracha/Rialacháin Uisce Óil agus na Treoracha/Rialacháin Fuíolluisce a chomhlíonadh

11.2.1. Scéimeanna a Críochnaíodh/a bhí ar Bun i rith 2008

- **Mórscéim Fuíolluisce Ghrúpáilte**
Soláthar córas cóireála agus líonraí bailiúcháin do Dhamhliag, Cnoc an Linsigh, Cill Mhaighneann, Maigh nEalta, Dún Uabhair, Baile Átha Bui, Ráth Chairn agus Ráth Moliain.
Oibreacha ar siúl go leanúnach in 2008. Is é €35m costas na scéime.
- **Athsholáthar Phríomhlíonra SA na hUaimhe**
Athsholáthar na sean-phríomhlíonra stroighne aispeiste sa bhaile
Oibreacha críochnaithe in 2008 ag costas €6.5m
- **Scéimeanna Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde - Céim 2**
Uasghrádú agus leathnú an chórais reatha fuíolluisce sna suíomhanna seo.
Oibreacha ar siúl go leanúnach in 2008 agus tabharfar chun críche iad in 2009 ag costas €15.5m
- **Scéim Séarachais Chill Táile**
Soláthar stáisiúin nua chaidéalaithe agus líonra don sráidbhaile
An chuid is mó de na hOibreacha tugtha chun críche in 2008 ag costas €2m
- **Scéim Séarachais Chill Chluana**
Soláthar stáisiúin nua chaidéalaithe agus líonra don sráidbhaile
Oibreacha ar siúl go leanúnach in 2008 agus tabharfar chun críche iad in 2009 ag costas €2m



- **Scéim Soláthair Uisce Dhún Seachlainn**
Soláthar nua uisce a dhéanamh do Dhún Seachlainn chun acmhainn a mhéadú ó c1500m³/lae go dtí 3500m³/lae. Cuireadh tús le hoibreacha in 2008 agus tabharfar chun críche iad ag tús 2010. Is é €15m costas na scéime
- **Scéim Soláthair Uisce na hUaimhe agus na Mí Láir**
Soláthar nua uisce chun freastal a dhéanamh ar riachtanais soláthair agus forbartha uisce na hUaimhe agus an cheantair mháguaird amach anseo lena mbainfidh costas tionscadail foriomlán €78.5m. Cuireadh tús le hoibreacha ar cheithre chonradh (as seacht gcinn) in 2008.
- **Soláthar Uisce na Mí Thoir, Lú Theas agus Dhroichead Átha**
Soláthar scéime nua soláthair uisce chun freastal a dhéanamh ar cheantair na Mí Thoir, Lú Theas agus Dhroichead Átha. Cuireadh tús le hoibreacha ar roinnt scéimeanna in 2008. Beidh thart ar €170m i gceist leis an gcostas tionscadail foriomlán.
- **Tionscadal Caomhantais Uisce don Chontae ar Fad**
An Clár Caomhnúcháin a leathnú chuig gach Scéim Soláthair Uisce sa Chontae. Meastar go mbeidh costas €18m air. Oibreacha ar siúl go leanúnach.
- **Tionscadal Méadráithe Tráchtála**
Suiteáil méadar ar gach áitreabh tráchtála sa chontae. Oibreacha ar bun go leanúnach in 2008 agus tabharfar chun críche iad in 2009. Is é €5m costas an tionscadail.
- **Scéim Séarachais na Mí Thoir/Dhroichead Átha**
Soláthar dara príomhlíonra ardaitheach ó Scoil Ghramadaí Dhroichead Átha go dtí oibreacha cóireála fuíolluisce. An chuid is mó de na hoibreacha tugtha chun críche in 2008 ag costas €0.5m.

11.2.2. Scéimeanna ag an gCéim Phleanála/Dhearaidh

- **Scéimeanna Soláthair Uisce**
 - Soláthar Uisce Dhún Búinne/Chluain Aodha
 - Soláthar Uisce Cheanannais/an tSeanchaisleáin
- **Scéimeanna Séarachais**
 - Scéim Séarachais an tSeanchaisleáin
 - Plean Bainistíochta Sloda
 - Scéim Séarachais Cheanannais
 - Scéim Séarachais na hUaimhe (Athshlánú Líonra)

11.3. Tionscadail Speisialta

11.3.1. Athbhreithniú ar Luasteorainneacha

Na fodhlíthe reatha go léir maidir le luasteorainn sa Chontae a athsholáthar agus a nuashonrú. Tugadh an t-athbhreithniú seo chun críche i lár 2008 agus tháinig na luasteorainneacha nua i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2008.



12. PLEANÁIL

Cuspóir Straitéiseach

Córas pleanála fisiciúla a oibriú laistigh de phatrúin inbhuanaithe lonnaithe a dhéanann éascaíocht agus spreagadh d'fhorbairt eacnamaíoch i gContae na Mí, agus cosaint na timpeallachta nádúrtha agus tógtha an Chontae á cothú i gcónaí.

12.1. *Croi-Ghníomhaíochtaí*

Tá an Roinn Pleanála freagrach as forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 –2008 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2007 a chur i bhfeidhm.

Is éard atá i gceist leis seo, inter alia:

- Beartas pleanála fisiciúla a fhoirmiú.
- Na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Ceantair Áitiúil ábhartha a ullmhú agus a athbhreithniú.
- Iarratais ar chead pleanála a bhreathnú.
- Forbairt a rialú agus reachtaíocht phleanála a chur i bhfeidhm.
- Comhairle a thabhairt ar ábhair phleanála don phobal agus Thanna eile Comhairle
- Forbairt tionscail agus forbairt eile a chur chun cinn sa Chontae.
- Gníomhaíocht eacnamaíoch agus turasóireachta a chur chun cinn.

12.2. *Athrú Eagraíochtúil*

Thug an Roinn Pleanála próiseas Athraithe Bhainistíochta chun críche ag tús 2008 a dhírigh ar réimsí le feabhsú próisis agus athrú struchtúir i seachadadh seirbhísí pleanála a chur i gcrích iontú.

- Cuireadh tús leis seo le hathlárú seirbhísí pleanála ó gach ceantar go dtí an Uaimh
- Tabhairt isteach uaireanta oscailte am lóin
- Feidhmiú céimneach córais TF nua "Iplan2" ag tús 2008. Déanann an córas éascaíocht d'fheidhmiúlacht bhreise, comhtháthú mapála le córais íomháithe doiciméid agus soláthraíonn sé seirbhís fheabhsaithe do bhaill foirne, custaiméirí agus gníomhairí
- Tugadh córas nua íomháithe doiciméid TF "IDoc's 2" isteach le linn 2008. Cuirfidh sé seo ar cumas an phobail féachaint ar dhoiciméid scanáilte tríd an ngréasán
- Tá ionad glaonna tiomnaithe i bhfeidhm anois chun na 150 glaoch a chuirtear gach lá ar an roinn phleanála a láimhseáil agus a chuíchóiriú.

12.3. *Bainistíocht Forbartha*

Seirbhís ardchaighdeáin, éifeachtúil agus éifeachtach a sheachadadh trí bhaill foirne ardoilte agus inspreatha agus na pacáistí Teicneolaíocht Faisnéise comhtháite is nuashonraithe á n-úsáid.

Cuireadh próisis feabhsaithe i bhfeidhm chun cabhrú le hathlárú. Glanadh an riaráiste bailíochtaithe agus tá bailíochtú 5 lá bainte amach

Tá laghdú 30% ar líon na n-iarratas pleanála a fuarthas in 2008 tugtha faoi deara ag an Roinn phleanála. Leanadh ar aghaidh le hiarratais ar fhorbairt tráchtála a chur ar aghaidh agus léiríodh láidreacht níos mó in aghaidh an bhrú eacnamaíoch i gcomparáid le hiarratais tithíochta cónaithe i rith 2008.

12.4. *Staitisticí*

Fuarthas 2662 iarratas pleanála i gComhairle Contae na Mí agus Comhairlí Baile na hUaimhe, Cheanannais agus Bhaile Átha Troim.

